2026/2518

13.11.2026

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh UNECE faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais TRANS/WP.29/343 UNECE, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 173 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) - Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le suiteáil criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh Isofix agus córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a cheadú [2026/2518]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí uile suas go dtí:

Forlíonadh 2 ar shraith leasuithe 01 – Dáta teacht i bhfeidhm: Eanáir 2027 (le deimhniú)

Is áis doiciméadúcháin amháin an doiciméad seo. Is iad seo a leanas na téacsanna atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí:

ECE/TRANS/WP.29/2024/152

ECE/TRANS/WP.29/2025/55

ECE/TRANS/WP.29/2025/47

ECE/TRANS/WP.29/2025/134

ECE/TRANS/WP.29/2026/71

WP.29-199-06

WP.29-199-10

CLÁR

Rialachán

0. Réamhrá
1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar cheadú
4. Ceadú
5. Ceanglais maidir leis an tsuiteáil san fheithicil
6. Comhréireacht táirgeachta
7. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta
8. Ceadú na feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur leis
9. Táirgeadh scortha go cinntitheach
10. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
11. Forálacha idirthréimhseacha

Iarscríbhinní

1. Teachtaireacht
2. An marc ceadaithe a leagan amach
3. Treoracha
4. An nós imeachta chun an pointe ‘H’ agus an uillinn chabhlach iarbhír le haghaidh ionaid suí i mótarfheithiclí a chinneadh

   Foscríbhinn 1: Tuairisc ar ghléas trí thoise phointe an chromáin

   Foscríbhinn 2: Córas tagartha tríthoiseach

   Foscríbhinn 3: Sonraí tagartha maidir le hionaid suí
5. Suiteáil creasa sábhála ina léirítear na cineálacha creasa agus na cineálacha aistarraingeora

6. Ceanglais maidir le criosanna sábhála agus córais srianta a shuiteáil le haghaidh taistealaithe fásta i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte ar shuíocháin dírithe chun tosaigh, chun córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX agus córais srianta sábháilteachta linbh i-size a shuiteáil

Foscríbhinn 1: Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh de chatagóir 'uilíoch' atá suiteáilte le trealamh criosanna sábhála na feithicle

Foscríbhinn 2: Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX dírithe chun tosaigh agus dírithe chun cúil de chatagóirí uilíocha agus leathuilíocha atá suiteáilte ar ionaid ISOFIX nó i-Size

Foscríbhinn 3: Sampla d'fhaisnéis mhionsonraithe e.g. le haghaidh monaróirí córas srianta sábháilteachta linbh

Foscríbhinn 4: Suiteáil riochtáin 10 mbliana

Foscríbhinn 5: Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh do shuíocháin ardaithe linbh dírithe chun tosaigh i-Size agus catagóirí sonracha atá suiteáilte ar ionaid suí feithicle nó ar ionaid suí i-Size

7. Modh tástála teanntachta chóimeáil strapa an bhúcla

0. Réamhrá

0.1. Le haghaidh an leagain bhunaidh de Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe:

0.1.1. Le linn an seisiúin seachtó a tríú den Mheitheal um Shábháilteacht Éighníomhach a tionóladh i mí na Bealtaine 2023, cinneadh Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe a roinnt ina thrí Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe:

(a) criosanna sábhála agus córais srianta (comhpháirteanna);

(b) suiteáil criosanna sábhála agus córas srianta linbh (feithicil);

(c) meabhrúcháin criosanna sábhála (feithicil).

0.1.2. Is éard atá sa Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe na ceanglais shonracha agus an próiseas ceadaithe sonrach le haghaidh cineál feithicle maidir le criosanna sábhála agus córais srianta sábháilteachta linbh a shuiteáil. Díorthaítear na ceanglais ó Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 09.

0.2. Le haghaidh shraith leasuithe 01:

0.2.1. Is iondúil gur díreach a bhíonn conairí an strapa idir daingniú éifeachtach an chreasa sábhála agus an búcla, mar a bhíonn sa bhinse tástála a shonraítear i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe. Mar sin féin, ní díreach a bhíonn conairí an strapa idir daingniú éifeachtach an chreasa sábhála agus an búcla i roinnt feithiclí sa mhargadh agus tá siad cuartha feadh an chúisín.

0.2.2. Nuair nach bhfuil conairí an strapa idir daingniú éifeachtach an chreasa sábhála agus an búcla díreach, is féidir go gcaithfear go mór chun tosaigh na taistealaithe i gcás tionóisc tuairte tosaigh. Má bhíonn an taistealaí ina shuí sa suíochán ardaithe linbh atá ceangailte le ISOFIX, bíonn cásanna ann ina sleamhnaíonn an crios sábhála suas go dtí an muineál agus ina bhféadfadh sleamhnú faoin gcrios tarlú. Mhéadódh sé sin an baol go ndéanfaí díobháil do mhuineál agus do bholg taistealaí linbh. Ina theannta sin, méadaíonn gortú cliabhraigh an riochtáin.

0.2.3. Leis na leasuithe sin, maolaítear na héifeachtaí diúltacha ar shábháilteacht na dtaistealaithe trí scaoilteacht chrios an bhúcla a theorannú.

0.3. Le haghaidh fhorlíonadh 1 a ghabhann le sraith leasuithe 01:

0.3.1. An fhoclaíocht 'feithicil shonrach' a bhaint, ós rud é go sainítear an cineál córais srianta sábháilteachta linbh sa Rialachán faoi seach. Tá coimhlint ann leis an bhfoclaíocht atá ann faoi láthair.

0.3.2. Tagairt do Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe a chur isteach ós rud é go dtugtar sonraí faoi na hancairí ISOFIX freisin i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe.

0.3.3. Foclaíocht mhícheart i mír 4.7 a bhaint.

0.4. Le haghaidh fhorlíonadh 2 a ghabhann le sraith leasuithe 01:

0.4.1. Leasaítear an Rialachán chun feithiclí i gcatagóir X ([1]) a chur san áireamh. Níl feithiclí i gcatagóir Y[1] faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

0.4.2. Dréachtaíodh an Rialachán ar dtús le haghaidh feithiclí a bhfuil tiománaí agus rialtáin tiomána láimhe acu, agus is é atá beartaithe leis an leasú seo meon an Rialacháin a choinneáil agus a chur i bhfeidhm freisin ar fheithiclí nach bhfuil tiománaí ná rialtáin tiomána láimhe acu. In éagmais tiománaí nó rialtán tiomána láimhe, ní chuirfear forálacha a bhaineann leo san áireamh mura bhfuil siad clúdaithe cheana féin leis an leasú seo.

0.4.3. I gcás feithiclí atá feistithe le Córas Tiomána Uathoibrithe (CTU)[1] seachas feithiclí de chatagóir X, ní bheidh feidhm ag aon fhorálacha speisialta ná díolúintí sa mhodh tiomána láimhe. I modh ina bhfuil gné CTU gníomhach, tá feidhm ag na ceanglais CTU ábhartha.

1. Raon feidhme

1.1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) Feithiclí de chatagóirí M, N, O, L_2, L_4, L_5, L_6, L_7 agus T[1] maidir le criosanna sábhála agus córais srianta a shuiteáil atá beartaithe lena n-úsáid ar leithligh, i.e. mar fheistis aonair, ag daoine fásta atá suite i suíocháin dírithe chun tosaigh, dírithe chun cúil agus dírithe chun taoibh;

(b) Feithiclí i gcatagóirí M_1 agus N_1[1] i ndáil le córais srianta sábháilteachta linbh agus córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX a shuiteáil.

(c) Arna iarraidh sin ag an monaróir, tá feidhm aige freisin maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh agus córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX atá ainmnithe lena suiteáil i bhfeithiclí de chatagóirí M_2 agus M_3.[1]

(d) Arna iarraidh sin don mhonaróir, tá feidhm aige freisin maidir le córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil, i gcás ina sainíonn monaróir na feithicle ionaid suí i-Size.

1.2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí i gcatagóir Y.

2. Sainmhínithe

2.1. Ciallaíonn '*crios sábhála (crios suíocháin, crios)*' socrú strapaí le búcla daingnithe, gairis choigeartaithe agus ceangaltáin is féidir a dhaingniú ar an taobh istigh d'fheithicil chumhacht-tiomáinte agus atá deartha chun an baol díobhála don té atá á chaitheamh a laghdú, i gcás imbhuailte nó luasmhoilliú tobann na feithicle, trí shoghluaisteacht chorp an té atá á chaitheamh a theorannú. Tugtar "cóimeáil an chreasa" ar shocrú den sórt sin go ginearálta, agus cuimsítear leis an téarma sin freisin aon ghaireas chun fuinneamh a ionsú nó chun an crios a tharraingt siar.

Is féidir an comhshocrú a thástáil agus a fhormheas mar chomhshocrú crios sábhála nó mar chóras srianta faoi Rialachán Uimh. 16 de chuid na Náisiún Aontaithe.

2.1.1. Ciallaíonn '*crios sábhála coime*' crios dhá phointe a théann trasna chuid tosaigh réigiún peilbheach an té atá á chaitheamh.

2.1.2. Ciallaíonn '*crios sábhála trasnánach*' crios sábhála a théann go trasnánach trasna chuid tosaigh an chliabhraigh ón gcromán go dtí an ghualainn eile.

2.1.3. Ciallaíonn '*crios sábhála trí phointe*' crios ar teaglaim é go bunúsach de strapa coime agus strapa trasnánach.

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.8 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.1.4. Ciallaíonn '*crios sábhála de chineál S*' comhshocrú crios sábhála seachas crios sábhála trí phointe nó crios sábhála coime.

2.1.5. Ciallaíonn "*crios sábhála úma*" comhshocrú crios sábhála de chineál S ina bhfuil crios sábhála coime agus strapaí gualainne; féadfar cóimeáil strapa gabhail bhreise a sholáthar le crios úma.

2.2. Ciallaíonn '*strapa*' comhpháirt sholúbtha atá deartha chun an corp a choinneáil agus chun struis a tharchur chuig daingnithe na gcriosanna.

2.3. Ciallaíonn '*búcla*' gaireas mearscaoilte lena gcoinnítear an té atá á chaitheamh leis an gcrios. Féadfaidh an gaireas coigeartaithe a bheith mar chuid den bhúcla, seachas i gcás búcla crios sábhála úma.

2.4. Ciallaíonn '*gaireas coigeartaithe crios sábhála*' gaireas lena bhféadfar an crios a choigeartú de réir riachtanais an té aonair atá á chaitheamh agus de réir an ionaid suí. Féadfaidh an gaireas coigeartaithe a bheith ina chuid den bhúcla, den aistarraingeoir, nó ina chuid eile den chrios sábhála.

2.5. Ciallaíonn '*gaireas réamhluchtaithe*' gaireas breise nó gaireas comhtháite a theannann uigí an chreasa sábhála chun bogadh an chreasa a laghdú le linn seicheamh imbhuailte.

2.6. Ciallaíonn '*crios tagartha*' an spás idir dhá fhadphlána comhingearacha, 400 mm óna chéile agus siméadrach i ndáil le pointe an chromáin, agus a shainmhínítear trí ghaireas chruth an chloiginn a rothlú ó cheartingearach go cothrománach, mar a thuairiscítear i Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe, Iarscríbhinn 1. Déanfar an gaireas a shuíomh mar a thuairiscítear san iarscríbhinn sin a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe agus socrófar é ag fad uasta 840 mm.

2.7. Ciallaíonn '*cóimeáil mála aeir*' gaireas a shuiteáiltear chun criosanna sábhála agus córais bactha a fhorlíonadh i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte, i.e. córas a chuireann struchtúr solúbtha in úsáid go huathoibríoch i gcás tuairt thromchúiseach a dhéanann difear don fheithicil, ar struchtúr é a bhfuil sé beartaithe leis teorainn a chur le domhantarraingt na dteagmhálacha a bheidh ag páirt amháin nó níos mó de cholainn taistealaí san fheithicil leis an taobh istigh den urrann paisinéirí, trí chomhbhrú an gháis atá laistigh den struchtúr solúbtha sin. Ní mheasfar gur cuid dhocht é aon struchtúr den sórt sin a thuairiscítear.

2.8. Ciallaíonn '*mála aeir paisinéara*' cóimeáil mála aeir a bhfuil sé beartaithe léi an taistealaí/na taistealaithe i suíocháin seachas suíocháin an tiománaí a chosaint i gcás imbhualadh tosaigh.

2.9. Ciallaíonn '*srian sábháilteachta linbh*' gaireas sábháilteachta mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 de chuid NA nó i Rialachán Uimh. 129 de chuid NA.

2.10. Ciallaíonn '*dírithe chun cúil*' go bhfuiltear dírithe ar malairt treo le gnáth-threo taistil na feithicle.

2.11. Ciallaíonn '*ceangaltáin*' na codanna de chóimeáil an chreasa sábhála, lena n-áirítear na comhpháirteanna daingnithe is gá, lena bhféadfar é a cheangal de na daingnithe criosanna.

2.12. Ciallaíonn '*aistarraingeoir*' gaireas chun cuid den strapa nó an strapa iomlán de chrios sábhála a choinneáil.

2.12.1. Ciallaíonn '*aistarraingeoir neamhghlasála (cineál 1)*' aistarraingeoir as a dtarraingítear an strapa go dtí a fhad iomlán le fórsa beag seachtrach agus nach gcuireann aon choigeartú ar fáil d'fhad an strapa a tharraingítear amach.

2.12.2. Ciallaíonn '*aistarraingeoir a dhíghlasálann de láimh (cineál 2)*' aistarraingeoir a éilíonn ar an úsáideoir gaireas a oibriú de láimh chun an méid strapa atá ag teastáil a tharraingt amach agus a ghlasálann go huathoibríoch nuair a chuirtear deireadh leis an oibriú sin.

2.12.3. Ciallaíonn '*aistarraingeoir glasála uathoibríoch (cineál 3)*' aistarraingeoir lenar féidir an strapa a tharraingt amach go dtí an fad atá ag teastáil agus a choigeartaíonn an strapa go huathoibríoch don té atá á chaitheamh nuair a dhúntar an búcla. Cuirtear cosc ar an strapa a tharraingt amach a thuilleadh gan idirghabháil thoiliúil ón té atá á chaitheamh.

2.12.4. Ciallaíonn *'aistarraingeoir glasála éigeandála (cineál 4)'* aistarraingeoir nach gcuireann, faoi ghnáthdhálaí tiomána, srian ar shaoirse gluaiseachta an té atá ag caitheamh crios sábhála. Tá comhpháirteanna coigeartaithe faid ag gaireas den sórt sin a choigeartaíonn an strapa go huathoibríoch don té atá á chaitheamh agus tá meicníocht ghlasála aige a ghníomhraítear i gcás éigeandála tríd an méid seo a leanas:

2.12.4.1. Luasmhoilliú na feithicle (íogaireacht aonair).

2.12.4.2. Meascán de luasmhoilliú na feithicle, gluaiseacht an strapa nó aon mhodh uathoibríoch eile (íogaireacht iolrach).

2.12.5. Ciallaíonn *'aistarraingeoir glasála éigeandála ag a bhfuil tairseach freagartha níos airde (cineál 4N)'* aistarraingeoir den chineál a shainmhínítear i mír 2.12.4., ach a bhfuil airíonna speisialta aige maidir lena úsáid i bhfeithiclí de chatagóirí M_2, M_3, N_1, N_2 agus N_3 ([2]).

2.12.6. Ciallaíonn "gaireas coigeartaithe airde creasa" gaireas lenar féidir airde lúb uachtair an cholúin (atá ceangailte go díreach leis an bhfeithicil nó le struchtúr docht an tsuíocháin) de chrios a choigeartú de réir riachtanais an té atá á chaitheamh agus de réir an ionaid suí. Féadfar a mheas gur cuid den chrios nó gur cuid de dhaingniú an chreasa é gaireas den sórt sin.

2.12.7. Ciallaíonn *'gaireas solúbtha coigeartaithe gualainne le haghaidh airde'* gaireas chun coigeartú a dhéanamh de réir airde ghualainn an té aonair atá á chaitheamh, i gcás nach bhfuil an chuid choigeartaithe ceangailte go díreach le tógáil na feithicle (e.g. an colún) ná le tógáil an tsuíocháin (e.g. struchtúr docht an tsuíocháin), ach i gcás ina ndéantar coigeartú ar an gcuid ghualainne:

(a) Déantar é trí aistriú thar struchtúr solúbtha; agus

(b) Gan cur isteach ar chonair an chreasa coime.

2.13. Ciallaíonn 'daingnithe criosanna' páirteanna de struchtúr na feithicle nó de struchtúr an tsuíocháin nó aon pháirt eile den fheithicil a bhfuil cóimeálacha na gcriosanna sábhála le daingniú leo.

2.14. Ciallaíonn *'cineál feithicle maidir le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh Isofix agus córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil'* catagóir feithiclí cumhacht-tiomáinte nach bhfuil éagsúil ó thaobh gnéithe fíor-riachtanacha amhail toisí, línte agus ábhair na gcomhpháirteanna de struchtúr na feithicle nó struchtúr an tsuíocháin nó aon pháirt eile den fheithicil lena bhfuil na criosanna sábhála, na córais srianta agus na daingnithe Isofix ceangailte.

2.15. Ciallaíonn *'córas srianta'* córas le haghaidh cineál sonrach feithicle nó cineál arna shainiú ag monaróir na feithicle agus arna chomhaontú ag an tSeirbhís Theicniúil ina bhfuil suíochán agus crios atá feistithe ar an bhfeithicil ar bhealach iomchuí agus ina bhfuil, sa bhreis air sin, na heilimintí uile a sholáthraítear chun an riosca díobhála don té atá á chaitheamh a laghdú, i gcás luasmhoilliú tobann feithicle, trí shoghluaisteacht chorp an té atá á chaitheamh a theorannú.

2.16. Ciallaíonn *'suíochán'* struchtúr, cibé acu an dlúthchuid é de struchtúr na feithicle a bhfuil cóiriú air nó nach ea, atá ceaptha chun a bheith ina áit suí do dhuine amháin. Cumhdaítear leis an téarma suíochán aonair nó cuid de shuíochán binse atá beartaithe a bheith ina áit suí do dhuine amháin.

2.16.1. Ciallaíonn *'suíochán paisinéara tosaigh'* aon suíochán ina bhfuil 'pointe an chromáin is faide chun tosaigh' an tsuíocháin atá i gceist os comhair an trasphlána ingearaigh nó os a chomhair trí phointe tagartha suí an tiománaí. I gcás feithiclí i gcatagóir X, tógfar 'pointe tagartha suí' an tsuíocháin paisinéara is faide chun tosaigh in ionad phointe tagartha suí shuíochán an tiománaí.

2.16.2. Ciallaíonn *'suíochán dírithe chun tosaigh'* suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil faoi shiúl agus a aghaidh dírithe chun tosaigh san fheithicil ar bhealach a dhéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn níos lú ná +10° nó -10° le plána siméadrachta ingearach na feithicle.

([2]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.8 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.16.3. Ciallaíonn '*suíochán dírithe chun cúil*' suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil faoi shiúl agus a aghaidh dírithe ar chúl na feithicle ar bhealach a dhéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn níos lú ná +10° nó -10° le plána siméadrachta ingearach na feithicle.

2.16.4. Ciallaíonn '*suíochán aghaidh chun taoibh*' suíochán is féidir a úsáid nuair atá an fheithicil faoi shiúl agus a aghaidh dírithe ar thaobh na feithicle ar bhealach a dhéanann plána siméadrachta ingearach an tsuíocháin uillinn 90° (± 10°) le plána siméadrachta ingearach na feithicle.

2.17. Ciallaíonn *'grúpa suíochán'* suíochán de chineál binse nó suíocháin atá ar leithligh ach taobh le taobh (i.e. daingnithe ionas go mbeidh na daingnithe suíocháin tosaigh de chuid ceann amháin de na suíocháin sin ag teacht le tosach na ndaingnithe cúil den cheann eile nó idir daingnithe an tsuíocháin eile) agus a ghlacann duine fásta amháin nó níos mó atá ina shuí.

2.18. Ciallaíonn '*suíochán binse*' struchtúr a bhfuil cóiriú air, atá ceaptha le haghaidh níos mó ná duine fásta amháin ina shuí.

2.19. Ciallaíonn *'córas coigeartaithe an tsuíocháin'* an gaireas iomlán lenar féidir an suíochán nó na páirteanna de a choigeartú go suíomh atá oiriúnach do mhoirfeolaíocht an taistealaí ina shuí; féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a dhéanamh leis an ngaireas sin:

2.19.1. Díláithriú comhréireach;

2.19.2. Díláithriú ingearach;

2.19.3. Díláithriú uilleach.

2.20. Ciallaíonn *'daingniú suíocháin'* an córas lena ndaingnítear cóimeáil an tsuíocháin de struchtúr na feithicle, lena n-áirítear na páirteanna de struchtúr na feithicle dá ndéantar difear.

2.21. Ciallaíonn 'cineál suíocháin' catagóir suíochán nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe bunúsacha amhail iad seo a leanas:

2.21.1. Cruth, toisí agus ábhair struchtúr an tsuíocháin;

2.21.2. Cineálacha agus toisí na gcóras coigeartaithe agus glasála an tsuíocháin;

2.21.3. Cineál agus toisí an daingnithe creasa ar an suíochán, an daingnithe suíocháin agus na bpáirteanna de struchtúr na feithicle dá ndéantar difear.

2.22. Ciallaíonn *'córas díláithriúcháin an tsuíocháin'* gaireas lenar féidir an suíochán nó ceann dá pháirteanna a dhíláithriú go uilleach nó ar a fhad, gan suíomh idirmheánach seasta (chun rochtain a éascú do phaisinéirí).

2.23. Ciallaíonn *'córas glasála an tsuíocháin'* gaireas lena n-áirithítear go gcoinnítear an suíochán agus a pháirteanna in aon ionad úsáide.

2.24. Ciallaíonn *'gaireas laghdaithe teannais'* gaireas atá ionchorpraithe san aistarraingeoir agus a laghdaíonn teannas an strapa go huathoibríoch nuair a bhíonn an crios sábhála ceangailte. Nuair a scaoiltear é, múchann gaireas den sórt sin go huathoibríoch.

2.25. Is córas é '*ISOFIX*' chun córais srianta sábháilteachta linbh a nascadh le feithiclí ina bhfuil dhá dhaingniú dhochta feithicle, dhá cheangaltán dhochta chomhfhreagracha ar an gcóras srianta sábháilteachta linbh agus modh chun rothlú chlaonta an chórais srianta linbh a theorannú.

2.26. Ciallaíonn *'córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX'* córas srianta sábháilteachta linbh a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe, nach mór a cheangal le córas daingnithe ISOFIX, a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.27. Ciallaíonn *'suíomh ISOFIX'* córas lenar féidir na nithe seo a leanas a shuiteáil:

(a) Córas srianta sábháilteachta linbh uilíoch ISOFIX dírithe chun tosaigh mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe;

(b) Nó córas srianta sábháilteachta linbh leath-uilíoch ISOFIX dírithe chun tosaigh mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe;

(c) Nó córas srianta sábháilteachta linbh leath-uilíoch ISOFIX dírithe chun cúil mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe;

(d) Nó córas srianta sábháilteachta linbh leath-uilíoch ISOFIX dírithe go cliathánach mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe;

(e) Nó córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX d'fheithicil shonrach mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe;

(f) Nó córas srianta sábháilteacha linbh i-Size mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe;

(g) Nó córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX d'fheithicil shonrach mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.28. Ciallaíonn *'Córas Daingnithe ISOFIX'* córas atá comhdhéanta de dhá dhaingniú íochtair ISOFIX, a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe, agus atá deartha chun córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX a cheangal i gcomhar le gaireas frithrothlaithe.

2.29. Ciallaíonn 'daingniú *íochtarach ISOFIX*' barra cothrománach cruinn docht amháin atá 6 mm ar trastomhas, a shíneann ó struchtúr na feithicle nó an tsuíocháin chun córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX a ghlacadh agus a shrianadh le ceangaltáin ISOFIX.

2.30. *'Gaireas frithrothlaithe'*

(a) Cuimsítear le gaireas frithrothlaithe le haghaidh córas srianta sábháilteachta linbh uilíoch ISOFIX an teaghrán uachtair ISOFIX;

(b) Cuimsítear le gaireas frithrothlaithe le haghaidh córas srianta sábháilteachta linbh leath-uilíoch ISOFIX teaghrán uachtair, deais na feithicle nó cos taca atá beartaithe chun rothlú an tsrianta a theorannú le linn imbhualadh tosaigh;

(c) Is éard atá i ngaireas frithrothlaithe le haghaidh Córas Feabhsaithe Srianta Sábháilteachta Linbh i-Size teaghrán uachtair nó céim thacaíochta, atá beartaithe chun rothlú an tsrianta a theorannú le linn imbhualadh tosaigh;

(d) Féadfaidh teaghrán uachtair, cos taca, strapa/strapaí teaghráin íochtair nó aon mhodh eile lenar féidir an rothlú a theorannú a bheith i gceist le Gaireas frithrothlaithe le haghaidh Córas Srianta Sábháilteachta Linbh Feabhsaithe le haghaidh 'feithicil shonrach';

(e) Maidir le ISOFIX, i-Size, uilíoch agus leathuilíoch, Córais Srianta Sábháilteachta Linbh (Feabhsaithe) ní gaireas frithrothlaithe é suíochán na feithicle féin.

2.31. Ciallaíonn *'Daingniú teaghráin uachtair ISOFIX'* gné a chomhlíonann ceanglais Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe, amhail barra, atá suite i gcrios sainithe, atá deartha chun glacadh le nascóir strapa teaghráin uachtair ISOFIX agus a fhórsa srianta a aistriú chuig struchtúr na feithicle.

2.32. Tá '*feiste treoraíochta*' ceaptha chun cuidiú leis an duine a shuiteálann córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX trí cheangaltáin ISOFIX ar shrian sábháilteachta linbh ISOFIX a threorú go fisiciúil chun ailíniú ceart a dhéanamh le daingnithe íochtaracha ISOFIX chun a n-oibriú a éascú.

2.33. Ciallaíonn *'daingneán marcála ISOFIX'* rud éigin a chuireann duine ar mian leis córas srianta linbh ISOFIX a shuiteáil ar an eolas faoi shuíomhanna ISOFIX san fheithicil agus faoi shuíomh gach córais daingnithe ISOFIX chomhfhreagraigh.

2.34. Ciallaíonn *'daingneán srianta sábháilteachta linbh (CRF)'* daingneán de réir ceann de na daingneáin ISOFIX a shainmhínítear i mír 4 d'Iarscríbhinn 6 - Foscríbhinn 2 den Rialachán seo, agus go háirithe na cinn a dtugtar a dtoisí ó Fhíor 1 go Fíor 8 sa mhír 4 a luadh roimhe seo. Úsáidtear na daingneáin srianta sábháilteachta linbh sin, sa Rialachán seo, chun a sheiceáil cé na himchlúdaigh méide de chórais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX a luaitear i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe nó i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe is féidir a chur san áireamh ar shuíomhanna ISOFIX na feithicle. Chomh maith leis sin, úsáidtear ceann de CRF, ISO/F2, mar a thugtar air, a thuairiscítear i bhFíor 2 den mhír 4 thuasluaite roimhe seo, i Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe nó i Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe chun an suíomh agus an fhéidearthacht rochtain a fháil ar aon chóras daingnithe ISOFIX a sheiceáil.

Nó daingneán, de réir ceann den dá dhaingneán 'suíochán ardaithe linbh' a shainmhínítear in Iarscríbhinn 6, Foscríbhinn 5 den Rialachán seo, agus go háirithe na cinn a dtugtar a dtoisí i bhFíoracha 2 agus 3 d'Iarscríbhinn 6, Foscríbhinn 5. Úsáidtear na daingneáin sin, sa Rialachán seo, chun a sheiceáil cé na himchlúdaigh méide de shuíochán ardaithe linbh a luaitear i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe is féidir a chur san áireamh ar ionaid suí feithiclí, más ann dóibh.

2.35. Ciallaíonn *'toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size'* toirt, lena n-áirithítear comhoiriúnacht thoiseach agus gheoiméadrach idir céim thacaíochta córais srianta sábháilteachta linbh i-Size agus ionad suí feithicle i-Size.

2.36. ciallaíonn *'ionad suí i-Size'* ionad suí, más ann dó arna shainmhíniú ag monaróir na feithicle, atá deartha chun bheith in oiriúint do chórais sábháilteachta srianta linbh i-Size, mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe, agus a chomhlíonann na ceanglais a shainmhínítear sa Rialachán seo.

2.37. *'Daingniú teaghráin íochtair (LTA)'*: daingniú ar rian suíocháin na feithicle nó ar urlár na feithicle nó gar dó, lenar féidir brac teaghráin íochtair a cheangal de nó lena bhfuil sé comhtháite. D'fhéadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh an brac teaghráin íochtair mar chuid de cheadú na feithicle.

2.38. 'Teaghrán íochtair": an cineál gaireas frithrothlaithe atá ceaptha srian a chur ar rothlú cúil córais srianta sábháilteachta linbh atá dírithe ar chúl.

2.39. '*Strapa teaghráin íochtair*': strapa uige (nó a choibhéis) a shíneann ó chúl Feithicle Sonraí córais srianta sábháilteachta linbh go dtí an daingniú teaghráin íochtair san fheithicil agus atá feistithe le gaireas coigeartaithe, le gaireas maolaithe teannais agus nascóir teaghráin íochtair.

2.40. Ciallaíonn '*nascóir teaghráin íochtair*' gaireas atá beartaithe lena cheangal le brac teaghráin íochtair.

2.41. Ciallaíonn '*crúca teaghráin íochtair*' nascóir a úsáidtear de ghnáth chun strapa teaghráin íochtair a cheangal le brac teaghráin íochtair, agus atá comhionann le crúca teaghráin uachtair ISOFIX agus na toisí céanna aige mar a shainítear i bhfíor 3 d'Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe.

2.42. Ciallaíonn '*brac teaghráin íochtair*' an brac atá ceangailte de dhaingniú an teaghráin íochtair nó atá comhtháite leis.

2.43. Ciallaíonn '*brac cineálach teaghráin íochtair*' an brac cineálach a sholáthraíonn monaróir córais srianta sábháilteachta linbh fheabhsaithe in éineacht leis na córais srianta sábháilteachta linbh fheabhsaithe, atá le ceangal leis an acarsóid teaghráin íochtair mar a léiríonn monaróir na feithicle.

2.44. Ciallaíonn *'daingniú éifeachtach creasa (EA)'* an pointe a úsáidtear chun uillinn gach coda den chrios sábhála i ndáil leis an té atá á chaitheamh a chinneadh ar an ngnáthbhealach, mar a shonraítear i mír 5.4. de Rialachán Uimh. 14, is é sin, an pointe ag a mbeadh gá strapa a cheangal chun an luí céanna a sholáthar le luí beartaithe an chreasa nuair a chaitear é, agus a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith mar dhaingniú iarbhír an chreasa sábhála ag brath ar chumraíocht chrua-earraí an chreasa sábhála atá ag gabháil leis an daingniú creasa.

2.45. Ciallaíonn *'pointe búcla'* lárphointe na páirte ceangail idir an búcla agus strapa an bhúcla.

2.46. Ciallaíonn *'pointe Bd'* suíomh an phointe búcla nuair a shriantar an t-áititheoir (riochtán fireann Hybrid III den chúigiú peircintíl caoga nó riochtán baineann Hybrid III den chúigiú peircintíl, de rogha an mhonaróra) ar bhealach an chreasa sábhála deartha.

2.47. Ciallaíonn *'fad strapa'* an fad feadh lárlíne dhromchla strapa búcla.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. An t-iarratas ar cheadú cineáil feithicle i ndáil le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX agus córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil, is é monaróir na feithicle nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí a chuirfidh isteach é i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i Sceideal 3 den Chomhaontú (E/ECE/TRANS/505/Rev.3).

3.2. Beidh na doiciméid a luaitear faoi seo agus na sonraí seo a leanas ag gabháil leis:

3.2.1. Líníochtaí de struchtúr ginearálta na feithicle ar scála iomchuí, ina dtaispeántar suíomhanna na gcriosanna sábhála agus na ndaingnithe ISOFIX, agus líníochtaí mionsonraithe de na criosanna sábhála agus de dhaingnithe ISOFIX agus de na pointí dá bhfuil siad ceangailte;

3.2.2. Sonrú ar na hábhair a úsáideadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do neart na gcriosanna sábhála;

3.2.3. Tuairisc theicniúil ar na criosanna sábhála;

3.2.4. I gcás criosanna sábhála atá greamaithe de struchtúr an tsuíocháin:

3.2.4.1. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcineál feithicle a mhéid a bhaineann le dearadh na suíochán, na ndaingnithe suíocháin agus a gcórais choigeartaithe agus ghlasála;

3.2.4.2. Líníochtaí, ar scála iomchuí agus mionsonraithe go leor, de na suíocháin, dá ndaingnithe ar an bhfeithicil, agus dá gcórais choigeartaithe agus ghlasála.

3.3. Cuirfear feithicil atá ionadaíoch ar an gcineál feithicle atá le ceadú, lena n-áirítear lámhleabhar úinéir na feithicle, faoi bhráid na Seirbhíse Teicniúla.

4. Ceadú

4.1. An fheithicil a chuirtear isteach lena ceadú de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sí ceanglais an Rialacháin seo ó na Náisiúin Aontaithe, deonófar ceadú an chineáil feithicle sin.

4.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál a cheadófar i gcomhréir le Sceideal 4 den Chomhaontú (E/ECE/TRANS/505/Rev.3).

4.3. Déanfar fógra maidir le ceadú ar chineál feithicle nó maidir le síneadh, diúltú nó tarraingt siar an cheadaithe sin, nó maidir le scor cinntitheach de tháirgeadh, de bhun an Rialacháin seo a thabhairt do na Páirtithe i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm agus déanfar sin trí bhíthin foirm a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

4.4. Gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a fhormheastar faoin Rialachán seo, greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta di a bheidh le feiceáil go soiléir in áit a bhféadfar teacht air go héasca, áit a shonrófar ar an bhfoirm cheadaithe, agus is éard a bheidh ann:

4.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus ina dhiaidh sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([3]);

4.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear i mír 4.4.1. thuas, uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir R, dais, agus an uimhir cheadaithe.

4.5. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo, le cineál feithicle atá ceadaithe faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4.1. a chur ar fáil arís; i gcás dá leithéid, cuirfear an Rialachán agus na huimhreacha ceadaithe agus siombailí breise na Rialachán uile faoinar deonaíodh ceadú sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4.1.

4.6. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta.

4.7. Pláta sonraí na feithicle, pláta a bheidh greamaithe den fheithicil ag an monaróir, is ar an bpláta sin nó gar dó a chuirfear an marc ceadaithe.

4.8. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar sampla de leagan amach an mhairc ceadaithe.

5. Ceanglais maidir leis an tsuiteáil san fheithicil

5.1. Trealamh criosanna sábhála agus córas srianta

5.1.1. Cé is moite de shuíocháin nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid ach amháin nuair atá an fheithicil ina stad, beidh suíocháin na bhfeithiclí i gcatagóirí M_1, M_2 (d'Aicme III nó B ([4])), M_3 (d'Aicme III nó B[4]) agus N feistithe le criosanna sábhála nó córais shriantacha a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo.

Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a éileamh go suiteálfar criosanna sábhála ar fheithiclí M_2 agus M_3 d'Aicme II.

Nuair a fheistítear iad, ní mór do na criosanna sábhála agus/nó na córais srianta i bhfeithiclí Aicme I, II nó A ar de chatagóir M_2 nó M_3 iad ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

Féadfaidh Páirtithe Conarthacha, faoin dlí náisiúnta, suiteáil criosanna sábhála nó córas srianta seachas iad siúd a chumhdaítear leis an Rialachán seo a cheadú, ar choinníoll go bhfuil siad beartaithe do dhaoine faoi mhíchumas.

Córais srianta a chomhlíonann forálacha Iarscríbhinn 8 a ghabhann le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 107 ó na Náisiúin Aontaithe, tá siad díolmhaithe ó fhorálacha an Rialacháin seo.

Féadfar criosanna sábhála agus/nó córais srianta a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo a fheistiú ar fheithiclí in Aicme I nó in Aicme A a bhaineann le catagóir M_2 nó M_3.

Ní fhéadfar ach feithiclí de chatagóir M_2 nó M_3 a fheistiú le córais srianta ina bhfuil gaireas solúbtha coigeartaithe gualainne le haghaidh airde (mír 2.12.7.).

([3]) Atáirgtear sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Tógáil Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.8, Iarscríbhinn 3 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

([4]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.8 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

5.1.2. Is iad na cineálacha criosanna sábhála nó córas srianta le haghaidh gach ionaid suí ina bhfuil gá le suiteáil na cineálacha sin a shonraítear in Iarscríbhinn 5 (nach féidir aistarraingeoirí neamhghlasála (mír 2.12.1.) ná aistarraingeoir a dhíghlasáil de láimh (mír 2.12.2.) a úsáid leo). I gcás na n-ionad suí go léir ina sonraítear criosanna sábhála coime de chineál B in Iarscríbhinn 5, ceadaítear criosanna coime de chineál Br3 ach amháin sa chás, agus iad in úsáid, go n-aistarraingíonn siad a oiread sin go laghdaíonn siad compord ar bhealach suntasach tar éis gnáthbhuacáil.

5.1.2.1. Mar sin féin, i gcás ionaid suí transaim, seachas chun tosaigh, d'fheithiclí de chatagóir N1 a thaispeántar in Iarscríbhinn 5 agus atá marcáilte leis an tsiombail Ø, ceadaítear crios coime de chineál Br4m nó Br4Nm a shuiteáil, i gcás ina bhfuil pasáiste idir suíochán agus an taobh-bhalla is gaire den fheithicil atá beartaithe chun rochtain paisinéirí ar pháirteanna eile den fheithicil a cheadú. Meastar gur pasáiste é spás idir suíochán agus an taobh-bhalla, más mó ná 500 mm an fad idir an taobh-bhalla sin, nuair atá na doirse uile dúnta, agus fadphlána ingearach a théann trí lárlíne an tsuíocháin lena mbaineann – arna thomhas ag an suíomh R-phointe agus go hingearach le fadphlána meánach na feithicle.

5.1.3. I gcás nach bhfuil gá le criosanna sábhála, féadfar aon chineál creasa sábhála nó córais srianta atá i gcomhréir leis an Rialachán seo a sholáthar de réir rogha an mhonaróra. Féadfar criosanna de chineál A a cheadaítear in Iarscríbhinn 5 a sholáthar mar mhalairt ar chriosanna sábhála coime do na hionaid suí sin dá sonraítear criosanna coime in Iarscríbhinn 5.

5.1.4. Ar chriosanna trí phointe atá feistithe le haistarraingeoirí, oibreoidh aistarraingeoir amháin ar an strapa trasnánach ar a laghad.

5.1.5. Cé is moite d'fheithiclí de chatagóir M_1, féadfar aistarraingeoir glasála éigeandála de chineál 4N (mír 2.12.5.) a cheadú in ionad aistarraingeoir de chineál 4 (mír 2.12.4.) i gcás inar léiríodh chun sástacht na seirbhísí atá freagrach as na tástálacha nach mbeadh sé praiticiúil aistarraingeoir de chineál 4 a fheistiú.

5.1.6. Maidir leis an transaim tosaigh agus na hionaid suí sa lár chun tosaigh a thaispeántar in Iarscríbhinn 5 agus atá marcáilte leis an tsiombail*, measfar criosanna coime den chineál a shonraítear san iarscríbhinn sin a bheith leordhóthanach i gcás ina mbeidh an gaothscáth suite lasmuigh den chrios tagartha a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe.

A mhéid a bhaineann le criosanna sábhála, meastar gur cuid den chrios tagartha é an gaothscáth nuair atá sé in ann teagmháil statach a dhéanamh leis an ngaireas tástála de réir an mhodha a thuairiscítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe.

5.1.7. Gach ionad suí in Iarscríbhinn 5 atá marcáilte leis an tsiombail ●, soláthrófar criosanna trí phointe de chineál a shonraítear in Iarscríbhinn 5 mura gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas, agus sa chás sin féadfar criosanna dhá phointe de chineál a shonraítear in Iarscríbhinn 5 a sholáthar.

5.1.7.1. Tá suíochán nó páirteanna eile feithicle chun tosaigh go díreach atá i gcomhréir le mír 3.5. d'Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 80 ó na Náisiúin Aontaithe; nó

5.1.7.2. Níl aon chuid den fheithicil sa chrios tagartha nó, nuair atá an fheithicil ag gluaiseacht, ní féidir le haon chuid den fheithicil a bheith sa chrios tagartha; nó

5.1.7.3. Comhlíonann páirteanna den fheithicil laistigh den chrios tagartha sin na ceanglais ionsúcháin fuinnimh a leagtar amach i bhFoscríbhinn 6 de Rialachán Uimh. 80 ó na Náisiúin Aontaithe.

5.1.7.4. Ní bheidh feidhm ag mír 5.1.7.1. go mír 5.1.7.3. maidir le suíochán tiománaí.

5.1.8. Maidir le feithiclí M_2 agus M_3 de gach aicme, beidh criosanna sábhála Ar ar a laghad feistithe ar shuíocháin dírithe chun tosaigh os comhair Córais Srianta Sábháilteachta Linbh Ionsuite.

5.1.9. Beidh faisnéis ar iompar ag an bhfeithicil á rá go bhfuil sí feistithe le málaí aeir cosanta tosaigh do shuíocháin.

5.1.9.1 I gcás feithicil ar a bhfuil cóimeáil mála aeir feistithe atá ceaptha chun an tiománaí a chosaint. is éard a bheidh san fhaisnéis seo an inscríbhinn "AIRBAG" atá suite laistigh de imlíne an roth stiúrtha; beidh an inscríbhinn seo daingnithe go buan agus infheicthe go héasca

5.1.9.2 Maidir le gach ionad suí paisinéara atá feistithe le mála aeir cosanta tosaigh. soláthrófar rabhadh gan córas srianta sábháilteachta linbh atá dírithe chun cúil a úsáid san ionad suí sin. Is éard a bheidh san fhaisnéis seo lipéad ina mbeidh picteagraim rabhaidh shoiléire mar a léirítear thíos:

Fíor 1

Lipéad rabhaidh



120 x 60 mm ar a laghad nó an limistéar coibhéiseach a bheidh i dtoisí foriomlána an lipéid.

Féadfar an lipéad a oiriúnú sa chaoi nach ionann an leagan amach agus an sampla a léirítear anseo; mar sin féin, comhlíonfaidh an t-ábhar na saintreoracha beachta. Ina theannta sin, ní áireofar aon chineál eile faisnéise ar an lipéad mura gcuirtear í lasmuigh de dhronuilleog atá marcáilte go soiléir ina bhfuil na toisí foriomlána ar a laghad mar a cheanglaítear thuas. De mhaolú ar an méid thuas, féadfar uimhir pháirte, barrachód nó marc aitheantais comhchosúil nach mó ná 8 mm x 35 mm nó an limistéar coibhéiseach a chur ar an lipéad.

Áiritheofar freisin nach gceadófar aon diallas i gcruth ná i dtreoshuíomh na bpicteagram a sholáthraítear, go háirithe go dtoirmiscfear aon chuma shaincheaptha ar na híomhánna picteagraim forordaithe, cé is moite den lámh ar a bhfuil corrmhéar dírithe agus an leabhrán aghaidhe oscailte agus an litir ‘i’ ar a leathanach ar dheis ar choinníoll go bhfuil siad inaitheanta go soiléir.

Glacfar le neamhrialtachtaí beaga a bhaineann le tiús líne, le hinphriontáil lipéid agus le lamháltais táirgthe ábhartha eile.

Fíor 2

Picteagram de réir ISO 2575:2004 - Z.01 a úsáidfear agus a mbeidh trastomhas seachtrach 38 mm ar a laghad aige



Físr 3

Picteagram ina léirítear contúirt de chur in úsáid mála aeir a úsáidfear agus a bheidh 40 mm ar leithead agus 28 mm ar airde nó níos mó go comhréireach



5.1.9.3. I gcás mála aeir cosanta tosaigh a chuirtear roimh shuíocháin tosaigh na bpaisinéirí, greamófar an rabhadh go buan ar gach aghaidh den scáthlán gréine tosaigh paisinéara i suíomh ina mbeidh rabhadh amháin ar a laghad ar an scáthlán gréine infheicthe i gcónaí, gan beann ar shuíomh an scáthláin gréine. De rogha air sin, beidh rabhadh amháin suite ar aghaidh infheicthe an scáthlán gréine sa suíomh stóráilte agus beidh an dara rabhadh suite ar an díon taobh thiar den scáthlán, ionas go mbeidh rabhadh amháin ar a laghad le feiceáil i gcónaí. Ní bheidh sé indéanta an lipéad rabhaidh a bhaint go héasca den scáthlán ná den díon gan damáiste soiléir agus infheicthe a fhágáil ar an scáthlán nó ar an díon ar an taobh istigh den fheithicil.

Mura bhfuil scáthlán gréine nó díon ag an bhfeithicil, beidh an lipéad rabhaidh suite in áit ina mbeidh sé le feiceáil go soiléir i gcónaí.

I gcás mála aeir cosanta tosaigh le haghaidh suíocháin paisinéirí eile san fheithicil, beidh an rabhadh díreach os comhair an tsuíocháin ábhartha, agus beidh sé le feiceáil go soiléir i gcónaí ag duine atá ag suiteáil córais srianta sábháilteachta linbh atá dírithe chun cúil ar an suíochán sin. Níl feidhm ag an mír seo ná ag mír 5.1.9.2. maidir leis na hionaid suí sin do phaisinéirí atá feistithe le gaireas lena ndíghníomhachtaítear go huathoibríoch cóimeáil an mhála aeir cosanta tosaigh nuair a shuiteáiltear aon chóras srianta sábháilteachta linbh atá dírithe chun cúil.

5.1.9.4. Beidh faisnéis mhionsonraithe, ina ndéanfar tagairt don rabhadh, i lámhleabhar úinéara na feithicle; beidh an téacs seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis sin:

‘NÁ húsáid córas srianta sábháilteachta linbh atá dírithe chun cúil ar shuíochán atá cosanta ag MÁLA AEIR GNÍOMHACH os a chomhair riamh; d’fhéadfadh BÁS nó DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH don LINBH tarlú.’ ([5])

([5]) Mura mbaineann sé le cineálcheadú, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha a shonrú cé na teangacha ina soláthrófar an téacs le gach feithicil a chuirfear ar an margadh ag an díolphointe laistigh dá gcríoch.

Beidh léaráid den lipéad rabhaidh mar atá san fheithicil ag gabháil leis an téacs. Is féidir teacht ar an bhfaisnéis go héasca i lámhleabhar an úinéara (e.g. tagairt shonrach don fhaisnéis atá priontáilte ar an gcéad leathanach, táb leathanaigh aitheantais nó leabhrán ar leithligh, etc.).

Níl feidhm ag ceanglais na míre seo maidir le feithiclí a bhfuil gach ionad suí do phaisinéirí feistithe le gaireas lena ndíghníomhachtaítear go huathoibríoch cóimeáil an mhála aeir cosanta tosaigh nuair a shuiteáiltear aon chóras srianta sábháilteachta linbh atá dírithe chun cúil.

5.1.10. I gcás suíocháin is féidir a chasadh ar threoshuíomhanna eile, nó a chur i dtreo treoshuíomhanna eile, atá ceaptha lena n-úsáid nuair atá an fheithicil ina stad, ní bheidh feidhm ag ceanglais mhír 5.1.1. thuas ach amháin maidir leis na treoshuímh sin atá sannta mar threoshuíomhanna gnáthúsáide nuair atá an fheithicil ag taisteal ar bhóthar, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

5.2. Riachtanais ghinearálta

5.2.1. Criosanna sábhála, córais srianta, agus córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX, chomh maith le córais srianta sábháilteachta linbh i-Size de réir Iarscríbhinn 6, Foscríbhinn 3, beidh siad daingnithe agus i gcás córais srianta linbh i-Size, beidh dromchla teagmhála urláir na feithicle mar thaca leo, i gcomhréir le sonraíochtaí Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe nó Rialachán Uimh. 145 ó na Náisiúin Aontaithe, amhail saintréithe deartha agus toiseacha, líon na ndaingnithe, agus na ceanglais maidir le neart.

5.2.2. Na criosanna sábhála, na srianta sábháilteachta agus na srianta sábháilteachta linbh a mholann an monaróir i gcomhréir le hIarscríbhinn 6 - Foscríbhinn 3, suiteálfar iad sa chaoi go n-oibreoidh siad go sásúil agus go laghdóidh siad an riosca díobhála coirp i gcás tionóisce. Go háirithe, suiteálfar iad ionas gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

5.2.2.1. Ní dócha go nglacfaidh na strapaí le cumraíocht chontúirteach;

5.2.2.2. Laghdaítear go dtí an t-íosmhéid an baol go sleamhnóidh crios atá suite i gceart ó ghualainn an té atá á chaitheamh de thoradh a ghluaiseachta chun tosaigh;

5.2.2.3. Laghdaítear an riosca go rachaidh an strapa in olcas trí theagmháil a dhéanamh le páirteanna géara den fheithicil nó de struchtúr an tsuíocháin, agus leis na córais srianta sábháilteachta linbh atá molta ag an monaróir de réir Iarscríbhinn 6 - Foscríbhinn 3, a mhéid is féidir.

5.2.2.4. Beidh dearadh agus suiteáil gach creasa sábhála a sholáthrófar do gach ionad suí de chineál a bheidh ar fáil go héasca lena úsáid. Thairis sin, i gcás inar féidir an suíochán iomlán nó cúisín an tsuíocháin agus/nó cúl an tsuíocháin a fhilleadh chun rochtain ar chúl na feithicle nó ar urrann na n-earraí nó an bhagáiste a cheadú, tar éis na suíocháin sin a fhilleadh agus a chur ar ais san ionad suí, beidh na criosanna sábhála a sholáthraítear do na suíocháin sin inrochtana lena n-úsáid nó is féidir le duine amháin iad a aisghabháil go héasca ón taobh thíos nó taobh thiar den suíochán, de réir na dtreoracha i lámhleabhar úsáideoirí na feithicle, gan gá don duine sin oiliúint ná cleachtadh a bheith aige;

5.2.2.5. Fíoróidh an tSeirbhís Theicniúil an méid seo a leanas, agus teanga an bhúcla curtha isteach sa bhúcla:

5.2.2.5.1. Ní chuireann an scaoilteacht fhéideartha sa chrios cosc ar chórais srianta linbh atá molta ag an monaróir a shuiteáil i gceart, agus

5.2.2.5.2. I gcás criosanna trí phointe, is féidir teannas 50 N ar a laghad a bhunú i gcuid choime an chreasa trí theannas a chur i bhfeidhm go seachtrach i gcuid thrasnánach an chreasa, nuair atá sé suite:

(a) Ar riochtán 10 mbliana mar a shonraítear in Iarscríbhinn 8, Foscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe agus a shocraítear i gcomhréir le hIarscríbhinn 6, Foscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) Nó ar an daingneán a shonraítear in Iarscríbhinn 6, Foscríbhinn 1, Fíor 1 a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis na suíocháin lenar féidir gaireas srianta linbh de chatagóir uilíoch a shuiteáil.

5.2.3. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas thíos maidir leis an strapa idir pointe an bhúcla agus an daingniú éifeachtach creasa ach amháin maidir le hionaid suí cúil feithiclí de chatagóir M1.

5.2.3.1. Is 80 mm nó níos lú a bheidh sa difríocht idir fad iarbhír an strapa agus fad líne dírí idir pointe EA agus pointe Bd.

Féadfar na ceanglais thuas a thaispeáint leis na sonraí iarbhír feithicle, páirteanna, líníochtaí nó 3T de rogha an mhonaróra.

Léireoidh an monaróir an comhghaol idir an fheithicil agus/nó na páirteanna iarbhír agus na sonraí líníochta nó 3T.

5.2.3.2. Ní bheidh feidhm ag ceanglas mhír 5.2.3.1. má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) Tá an chóimeáil creasa sábhála feistithe le gaireas réamhlódála.

(b) Léiríonn an monaróir chun sástachta na Seirbhíse Teicniúla le sonraí turgnamhacha, ionsamhlúchán, nó ríomhanna nirt deisce go bhfuil an fheidhmíocht chéanna ag an gcóimeáil strapa búcla agus atá ag an gceanglas i bpointe (c) thíos.

(c) Nuair a dhéantar cóimeáil strapa búcla a thástáil trí úsáid a bhaint as an modh a dtugtar tuairisc air in Iarscríbhinn 7 den Rialachán seo, ní bheidh gluaiseacht an phointe búcla níos mó ná 80 mm ag ualach teanntachta 1 000 N ± 50 N.

5.3. Ceanglais speisialta maidir le páirteanna dochta atá ionchorpraithe i gcriosanna sábhála nó i gcórais srianta

5.3.1. Ní mhéadóidh páirteanna dochta, amhail na búclaí, gairis agus ceangaltáin choigeartaithe, an riosca díobhála coirp don té atá á chaitheamh nó do dhaoine eile san fheithicil i gcás tionóisce.

5.3.2. Beidh an gaireas chun an búcla a scaoileadh le feiceáil go soiléir ag an té atá á chaitheamh agus beidh sé éasca teacht air agus dearfar é ar bhealach nach féidir é a oscailt go neamhaireach nó de thaisme. Beidh an búcla suite freisin in áit ina mbeidh sé inrochtana go héasca do tharrthálaí ar gá dó an té atá á chaitheamh a scaoileadh i gcás éigeandála.

Suiteálfar an búcla sa chaoi go mbeidh sé indéanta, nuair nach bhfuil sé faoi ualach agus nuair atá meáchan an té atá á chaitheamh á iompar aige, an búcla a scaoileadh le gluaiseacht shimplí amháin de cheachtar lámh i dtreo amháin.

I gcás criosanna sábhála nó córais shriantacha d'ionaid suí transaim tosaigh, ach amháin más criosanna úma iad sin, beifear in ann an búcla a ghlasáil ar an mbealach céanna.

Déanfar seiceáil lena áirithiú nach lú ná 46 mm leithead an dromchla teagmhála, má bhíonn an búcla i dteagmháil leis an té atá á chaitheamh.

Déanfar seiceáil chun a áirithiú, má bhíonn an búcla i dteagmháil leis an té atá á chaitheamh, go gcomhlíonann an dromchla teagmhála ceanglais mhír 6.2.2.1. de Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe.

5.3.3. Nuair a bheidh an crios á chaitheamh, coigeartóidh sé é féin go huathoibríoch chun bheith in oiriúint don té atá á chaitheamh nó dearfar é ionas go mbeidh rochtain éasca ag an té atá á chaitheamh ar an ngaireas coigeartaithe láimhe agus é ina shuí agus go mbeidh sé áisiúil agus éasca é a úsáid. Beifear in ann é a theannadh le lámh amháin freisin chun é a chur in oiriúint do dhéanamh an té atá á chaitheamh agus d'ionad an tsuíocháin san fheithicil.

5.3.4. Déanfar criosanna sábhála nó córais srianta a ionchorpraíonn aistarraingeoirí a shuiteáil sa chaoi go mbeidh na haistarraingeoirí in ann oibriú i gceart agus an strapa a stóráil go héifeachtúil. I gcás gaireas coigeartaithe creasa agus gaireas solúbtha coigeartaithe gualainne le haghaidh airde araon, déanfar seiceáil ar a laghad san ionad is airde agus sa suíomh is ísle, go ndéanann an t-aistarraingeoir an strapa a choigeartú go huathoibríoch i leith ghualainn an té atá á chaitheamh tar éis an búcla a dhúnadh, agus chomh maith céanna go n-aistarraingíonn sé an pláta teanga nuair a scaoiltear an búcla.

5.3.5. Chun úsáideoir/úsáideoirí feithicle a chur ar an eolas faoi na forálacha a dhéantar maidir le hiompar leanaí, comhlíonfaidh feithiclí chatagóirí M_1, M_2, M_3 agus N_1 na ceanglais faisnéise in Iarscríbhinn 6. Feisteofar ionaid ISOFIX in aon fheithicil de Chatagóir M_1, i gcomhréir le saintreoracha ábhartha Rialachán Uimh. 14 de chuid NA nó Rialachán Uimh. 145 de chuid NA.

Leis an gcéad ionad ISOFIX beifear in ann ar a laghad ceann amháin de na trí dhaingneán dírithe chun tosaigh a shuiteáil mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn 6; maidir leis an dara ionad ISOFIX, beidh sé indéanta ar a laghad daingneán amháin atá dírithe chun cúil, mar a shainmhínítear in Aguisín 2 a ghabhann le hIarscríbhinn 6, a shuiteáil. Maidir leis an dara ionad ISOFIX sin, i gcás nach féidir an daingneán atá dírithe chun cúil a shuiteáil ar an dara sraith de shuíocháin na feithicle mar gheall ar a dhearadh, ceadaítear daingneán amháin a shuiteáil in aon ionad den fheithicil.

5.3.6. Le haon ionad suí i-Size beifear in ann an daingneán srianta sábháilteachta linbh ISOFIX 'ISO/F2X', 'ISO/R2', agus an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 2 d'Iarscríbhinn 6, chomh maith leis an daingneán suíocháin ardaithe linbh 'ISO/B2' mar a shainmhínítear i bhFoscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn 6, gan na ceangaltáin ISOFIX (féach mionsonra B). Beifear in ann na hionaid suí i-Size chóngaracha go léir a áitiú go comhuaineach. Meastar go léirítear é sin nuair atá plánaí airmheánacha ingearacha na n-ionad suí aonair atá cóngarach dá chéile 440 mm ar a laghad óna chéile.

5.4. Maidir leis na cineálacha feithiclí de chatagóirí M, N, O, L_2, L_4, L_5, L_6, L_7 agus T a fhormheastar do Rialachán Uimh. 16 ó na Náisiúin Aontaithe, do shraith leasuithe 08 roimh an 1 Meán Fómhair 2026 nó do shraith leasuithe 09 roimh an 1 Meán Fómhair 2027, meastar go gcomhlíonann siad mír 5.

5.5. I gcás feithiclí de chatagóir X, féadfar ionad suí a bhfuil an rialtán stiúrtha suite os a chomhair a ainmniú mar ionad atá oiriúnach chun Córas Srianta Sábháilteacha Linbh a shuiteáil, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais uile maidir le hionad suí do phaisinéirí mar a shainmhínítear i míreanna 5.1.9.2. go 5.1.9.4.

6. Comhréireacht táirgeachta

Beidh na nósanna imeachta comhréireachta táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa Chomhaontú, Sceideal 1 (E/ECE/TRANS/505/Rev.3) agus na ceanglais seo a leanas ann:

6.1. Gach cineál feithicle a cheadaítear faoin Rialachán seo, déanfar é a mhonarú ar shlí go mbeidh sé i gcomhréir leis an gcineál a ceadaíodh trí na ceanglais a leagtar amach i mír 5 thuas a chomhlíonadh.

7. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

7.1. An ceadú a deonaíodh maidir le cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar mura gcomhlíontar an ceanglas a leagtar síos i mír 6.1.

7.2. Páirtí Conarthach sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe seo a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an sampla atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

8. Modhnuithe agus síneadh a chur le ceadú an chineáil feithicle

8.1. Tabharfar fógra faoi gach modhnú ar an gcineál feithicle i ndáil leis an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál feithicle sin. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) Cinnfidh sé, i gcomhairle leis an monaróir, go ndeonófar cineálcheadú nua; nó

(b) Cuir i bhfeidhm an nós imeachta atá i mír 8.1.1 (Athbhreithniú) agus, más infheidhme, an nós imeachta atá i mír 8.1.2 (Fadú).

8.1.1. Athbhreithniú

I gcás ina mbeidh athrú tagtha ar na sonraí a taifeadadh sna doiciméid faisnéise agus ina measfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na modhnuithe a rinneadh, agus in aon chás go bhfuil na ceanglais fós á gcomhlíonadh ag an bhfeithicil, tabharfar 'athbhreithniú' ar an modhnú.

Ina leithéid de chás, eiseoidh an tÚdarás Cineálcheadaithe na leathnaigh athbhreithnithe de na doiciméid faisnéise de réir mar is gá, agus marcálfaidh sé gach ceann de na leathanaigh athbhreithnithe chun an cineál athraithe agus dáta na hatheisiúna a thaispeáint go soiléir. Measfar go ndéanfaidh leagan comhdhlúite nuashonraithe de na doiciméid faisnéise, maille le tuairisc mhionsonraithe ar an modhnú, an ceanglas sin a chomhlíonadh.

8.1.2. Fadú

'Síneadh' a thabharfar ar an modhnú má bhíonn na nithe seo a leanas i gceist, chomh maith leis an athrú ar na sonraí a taifeadadh san fhillteán faisnéise:

(a) Is gá iniúchtaí breise nó tástálacha breise a dhéanamh; nó

(b) Athraíodh aon chuid den fhaisnéis sa doiciméad cumarsáide (seachas na ceangaltáin a ghabhann leis); nó

(c) Iarrtar ceadú le haghaidh sraith leasuithe níos faide anonn tar éis a teacht i bhfeidhm.

8.2. Déanfar fógra faoi dheimhniú, síneadh, nó diúltú ceadaithe a chur in iúl de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 4.3 thuas do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm. Ina theannta sin, déanfar an t-innéacs a ghabhann leis na doiciméid faisnéise agus leis na tuarascálacha tástála, atá i gceangal le doiciméad cumarsáide Iarscríbhinn 1, a leasú dá réir sin chun dáta an athbhreithnithe nó an tsínidh is déanaí a thaispeáint.

8.3. Sannfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe a eiseoidh an leathnú ar an gceadú uimhir sraithe do gach foirm chumarsáide a tharraingeofar suas do leathnú den sórt sin.

9. Táirgeadh scortha go cinntitheach

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de bheith ag monarú gaireas a ceadaíodh i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh an ceadú. Tar éis don Údarás sin an fógra ábhartha a fháil, déanfaidh sé na Páirtithe eile i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm a chur ar an eolas faoi sin trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an bhfoirm shamplach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú agus ar chucu atá foirmeacha le seoladh lena ndeimhnítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, arna n-eisiúint i dtíortha eile a chur in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe.

11. Forálacha idirthréimhseacha

11.1. Ginearálta

11.1.1. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann i bhfeidhm an Rialachán seo cineálcheaduithe a dheonú de réir aon cheann de na sraith leasuithe roimhe sin ar an Rialachán seo.

11.1.2. Leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann i bhfeidhm an Rialachán seo de shíntí le ceaduithe atá ann cheana a dheonú i gcomhréir le haon cheann de na sraith leasuithe roimhe sin ar an Rialachán seo.

11.2. Forálacha idirthréimhseacha is infheidhme maidir le sraith leasuithe 01

11.2.1. Ó dháta oifigiúil theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 01, na Páirtithe Conarthacha ar fad a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh siad cineálcheaduithe a dheonú ná ní dhiúltóidh siad glacadh le cineálcheaduithe faoin Rialachán seo arna leasú le sraith leasuithe 01.


11.2.2. Ón 1 Meán Fómhair 2027, i gcás Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu glacadh le cineálcheaduithe faoi aon cheann den tsraith leasuithe a bhí ann roimhe sin, ar cineálcheaduithe iad a eisíodh den chéad uair tar éis an 1 Meán Fómhair 2027.

11.2.3. Leanfaidh Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh le cineálcheaduithe arna n-eisiúint de réir fhoirm bhunaidh an Rialacháin seo, cineálcheaduithe a eisíodh den chéad uair roimh an 1 Meán Fómhair 2027.

IARSCRÍBHINN 1

Teachtaireacht

(Uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))



arna eisiúint ag:

Ainm an údaráis riaracháin:
……
……
……

Maidir leis an méid seo a leanas ([2]):

Deonaíodh ceadú
Síneadh curtha leis an gceadú
Diúltaíodh ceadú
Ceadú tarraingthe siar
Táirgeadh scortha go cinntitheach

maidir le cineál feithicle i ndáil le criosanna sábhála, córais srianta, córais srianta sábháilteachta linbh, córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX agus córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil de bhun Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe.

Uimhir Cheadaithe ……

1. Ginearálta ……

1.1. Déantús (trádainm an mhonaróra) ……

1.2. Cineál agus tuairisc/tuairiscí ginearálta tráchtála ……

1.3. Modh aitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil ……

……

1.3.1. Suíomh na marcála sin ……

1.4. Catagóir na feithicle ……

1.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra ……

1.6. Seoladh (nó seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála ……

1.7. Seirbhís theicniúil atá freagrach as an tástáil a dhéanamh ……

1.8. Dáta na tuarascála tástála ……

1.9. Uimhir na tuarascála tástála ……

2. Saintréithe ginearálta dhéanmhas na feithicle

2.1. Grianghraif agus/nó líníochtaí d'fheithicil ionadaíoch

([1]) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a chuir síneadh le ceadú/a dhiúltaigh nó a tharraing siar ceadú (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).
([2]) Scrios amach an méid nach bhfuil feidhm aige.

3. Cabhalra

3.1. Suíocháin

3.1.1. Uimhir .....

3.1.2. Ionad agus leagan amach .....

3.1.2.1. Ionad suí/ionaid suí atá sannta lena úsáid le linn don fheithicil a bheith ina stad agus lena linn sin amháin .....

3.1.3. Saintréithe: tuairisc agus líníochtaí de:

3.1.3.1. Na suíocháin agus a ndaingnithe .....

3.1.3.2. An córas coigeartaithe .....

3.1.3.3. Na córais scuab-thoirte agus glasála .....

3.1.3.4. Daingnithe na gcriosanna slándála má tá siad ionchorpraithe i struchtúr an tsuíocháin .....

3.2. Criosanna agus/nó córais srianta eile

3.2.1. Líon agus ionad na gcriosanna slándála agus na gcóras baic agus na suíochán ar ar féidir iad a úsáid .....

		Marc cineálcheadaithe iomlán	Leagan malartach (más infheidhme)	Gaireas coigeartaithe creasa le haghaidh airde (sonraigh is ea/ní hea/roghnach)
An chéad sraith suíochán	D			
	L			
	C			
An dara sraith suíochán	D			
	L			
	C			

(D = suíocháin ar thaobh na láimhe deise, L = suíocháin láir, C = suíocháin ar thaobh na láimhe clé)

3.2.2. Cineál agus ionad na gcóras srianta forlíontach (sonraigh is ea/ní hea/roghnach).

		Mála aeir tosaigh	Mála aeir cliathánach	Gaireas réamhlódála criosanna
An chéad sraith suíochán	D			
	L			
	C			
An dara sraith suíochán	D			
	L			
	C			

(D = suíocháin ar thaobh na láimhe deise, L = suíocháin láir, C = suíocháin ar thaobh na láimhe clé)

3.2.3. Líon agus ionad na ndaingnithe creasa sábhála agus cruthúnas go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe (i.e. uimhir chineálcheadaithe nó tuarascáil tástála).

3.3. Daingnithe ISOFIX

3.3.1. Líon agus ionad na ndaingnithe ISOFIX agus cruthúnas go bhfuil siad i gcomhréir le Rialachán Uimh. 14 nó 145 ó na Náisiúin Aontaithe (i.e. uimhir chineálcheadaithe nó tuarascáil tástála).

4. Áit .....


5. Dáta .....

6. Síniú .....

IARSCRÍBHINN 2

An marc ceadaithe a leagan amach

(féach míreanna 4.5 go 4.5.2. den Rialachán seo)



a = 8 mm íos.

An marc ceadaithe thuas a bheith greamaithe d'fheithicil, is rud é a léiríonn gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E4) de bhun Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe faoi cheadú Uimh. 011234. Léirítear leis an gcéad dá dhigit (01) den uimhir cheadaithe gur deonaíodh an ceadú de réir cheanglais Rialachán Uimh. 173 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 01.

IARSCRÍBHINN 3

Treoracha

Treoracha úsáideora (féadfar iad a áireamh i lámhleabhar úsáideoir na feithicle má shuiteáileann monaróir na feithicle an crios sábhála) ina sonraítear na treoracha chun a áirithiú go mbainfidh an t-úsáideoir an tairbhe is mó as an gcrios sábhála. Sna treoracha sin, déanfar tagairt do na nithe seo a leanas:

(a) An tábhacht a bhaineann leis an gcóimeáil a chaitheamh ar gach turas;

(b) An bealach ceart chun an crios a chaitheamh agus go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

  (i) Suíomh beartaithe an bhúcla;

  (ii) A inmhianaithe atá sé criosanna a chaitheamh go docht;

  (iii) Suíomh ceart na strapaí agus an gá atá ann gan iad a chasadh;

  (iv) An tábhacht a bhaineann le gach crios a bheith á úsáid ag taistealaí amháin, agus go háirithe gan crios a chur timpeall linbh atá ina shuí ar ucht an taistealaí;

(c) An modh chun an búcla a oibriú;

(d) An modh chun an gaireas coigeartaithe a oibriú;

(e) An modh chun aon aistarraingeoir a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den chóimeáil a oibriú agus an modh chun seiceáil go nglasálann sé;

(f) Na modhanna molta chun an crios a ghlanadh agus chun é a athchóimeáil tar éis a ghlanta, i gcás inarb iomchuí;

(g) An gá leis an gcrios sábhála a athsholáthar i gcás inar úsáideadh é i dtionóisc thromchúiseach nó i gcás ina léiríonn sé comharthaí de sceitheadh nó gur gearradh é, nó i gcás ina bhfuil crios feistithe le táscaire amhairc ró-ualaigh, ina léirítear mí-oiriúnacht an chreasa sábhála le haghaidh tuilleadh úsáide nó i gcás ina bhfuil gaireas réamhlódála feistithe ar chrios sábhála, nuair a ghníomhachtaítear an gaireas sin;

(h) Nach n-athrófar ná nach modhnófar an crios ar bhealach ar bith ós rud é go bhféadfadh athruithe den sórt sin an crios a fhágáil neamhéifeachtach, agus go háirithe i gcás ina gceadaítear leis an dearadh páirt a dhíchóimeáil, treoracha a thabhairt nó athchóimeáil cheart a áirithiú;

(i) Go bhfuil an crios beartaithe lena úsáid ag taistealaithe ar mhéid duine fhásta;

(j) Stóráil an chreasa nuair nach bhfuil sé in úsáid.

IARSCRÍBHINN 4

An nós imeachta chun an pointe 'H' agus an uillinn chabhlach iarbhír le haghaidh ionaid suí i mótarfheithiclí a chinneadh ([1])

Foscríbhinn 1 - Tuairisc ar ghléas trí thoise phointe an chromáin ([1])

Foscríbhinn 2 - Córas tagartha tríthoiseach ([1])

Foscríbhinn 3 - Sonraí tagartha maidir le hionaid suí ([1])

([1]) Tugtar tuairisc ar an nós imeachta in Aguisín 6 de Rún Frithpháirteach Uimh. 1 (M.R.1) (doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1101/Amend.5); féach https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

Suiteáil creasa sábhála ina léirítear na cineálacha creasa agus na cineálacha aistarraingeora

Íoscheanglais maidir le criosanna sábhála agus Aistarraingeoirí						
Catagóir feithicle	Ionaid suí dírithe chun tosaigh				Ionaid suí dírithe chun cúil	Ionad suí dírithe chun taoibh
	Ionaid suí transaim		Ionad suí láir			
	Chun tosaigh	Seachas chun tosaigh	Chun tosaigh	Seachas chun tosaigh		
M_1	Ar4m	Ar4m	Ar4m	Ar4m	B, Br3, Br4m	-
M_2 < 3.5 t	Ar4m, Ar4Nm	Ar4m, Ar4Nm	Ar4m, Ar4Nm	Ar4m, Ar4Nm	Br3, Br4m, Br4Nm	-
M_2 > 3.5 t	Br3, Br4m, Br4Nm, nó Ar4m nó Ar4Nm ●	Br3, Br4m, Br4Nm, nó Ar4m nó Ar4Nm ●	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4Nm nó Ar4Nm ●	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4Nm nó Ar4Nm ●	Br3, Br4m, Br4Nm	-
M_3	Br3, Br4m, Br4Nm, nó Ar4m nó Ar4Nm ● Féach mír 5.1.7. le haghaidh coinníollacha nuair a cheadaítear crios coime	Br3, Br4m, Br4Nm, nó Ar4m nó Ar4Nm ● Féach mír 5.1.7. le haghaidh coinníollacha nuair a cheadaítear crios coime	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4Nm nó Ar4Nm ● Féach mír 5.1.7. le haghaidh coinníollacha nuair a cheadaítear crios coime	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4Nm nó Ar4Nm ● Féach mír 5.1.7. le haghaidh coinníollacha nuair a cheadaítear crios coime	Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm
N_1	Ar4m, Ar4Nm	Ar4m, Ar4Nm, Br4m, Br4Nm Ø	B, Br3, Br4m, Br4Nm nó A, Ar4m, Ar4Nm*	B, Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm	-
		Mír 5.1.2.1. Crios coime ceadaithe má tá an t-ionad suí suite laistigh de phasáiste	Mír 5.1.6. Crios coime ceadaithe mura bhfuil an ghaothscáth sa chrios tagartha			
N_2	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4m, Ar4Nm* Mír 5.1.6. Crios coime ceadaithe má tá an gaothscáth[z] lasmuigh den chrios tagartha nó i gcás suíocháin a bhfuil rialtán stiúrtha suite os a chomhair	B, Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm, nó A, Ar4m, Ar4Nm* Mír 5.1.6. Crios coime ceadaithe mura bhfuil an ghaothscáth sa chrios tagartha	B, Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm	-

Íoscheanglais maidir le criosanna sábhála agus Aistarraingeoirí						
Catagóir feithicle	Ionaid suí dírithe chun tosaigh				Ionaid suí dírithe chun cúil	Ionad suí dírithe chun taoibh
	Ionaid suí transaim		Ionad suí láir			
	Chun tosaigh	Seachas chun tosaigh	Chun tosaigh	Seachas chun tosaigh		
N_3	Br3, Br4m, Br4Nm nó Ar4m, Ar4Nm* Mír 5.1.6. Crios coime ceadaithe má tá an gaothscáth[Z] lasmuigh den chrios tagartha nó i gcás suíocháin a bhfuil rialtán stiúrtha suite os a chomhair	B, Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm, nó A, Ar4m, Ar4Nm* Mír 5.1.6. Crios coime ceadaithe mura bhfuil an ghaothscáth sa chrios tagartha	B, Br3, Br4m, Br4Nm	B, Br3, Br4m, Br4Nm	-

A: crios trí phointe (coime agus trasnánach)
B: Crios 2 phointe (coime)
r: aistarraingeoir
m: aistarraingeoir glasála éigeandála ag a bhfuil íogaireacht iolrach
3: aistarraingeoir a ghlasálann go huathoibríoch
4: aistarraingeoir glasála éigeandála
N: tairseach freagartha níos airde
*: Tagraíonn sé do mhír 5.1.6. den Rialachán seo
Ø: Tagraíonn sé do mhír 5.1.2.1. den Rialachán seo
●: tagraíonn sé do mhír 5.1.7. den Rialachán seo
(féach mír 2.12.3. agus 2.12.5. den Rialachán seo)

Z: Chun críoch an rialacháin seo: I gcás feithiclí de chatagóir X, meastar gur gaothscáth é an gloiniú nó an dromchla seachtrach tosaigh atá dírithe chun tosaigh.

Nóta a: I ngach cás, féadfar na criosanna uile de chineál S a fheistiú in ionad na gcriosanna féideartha uile de chineál A nó B, ar choinníoll go gcomhlíonann a ndaingnithe Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe.

I gcás ina mbeidh crios úma ceadaithe mar chrios de chineál S i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus úsáid á baint as strapa an chreasa coime, as strapaí an chreasa gualainne agus b'fhéidir aistarraingeoir amháin nó níos mó, féadfaidh an monaróir/an t-iarratasóir strapaí gabhail breise amháin nó níos mó a sholáthar, lena n-áirítear a gceangaltáin dá ndaingnithe. Ní gá do na daingnithe breise sin ceanglais Rialachán Uimh. 14 ó na Náisiúin Aontaithe a chomhlíonadh

Nóta b: Maidir le feithiclí M_2 agus M_3 de gach aicme, beidh criosanna sábhála Ar ar a laghad feistithe ar shuíocháin dírithe chun tosaigh atá ar aghaidh Córais Srianta Sábháilteachta Linbh Ionsuite.

IARSCRÍBHINN 6

Ceanglais maidir le criosanna sábhála agus córais srianta a shuiteáil le haghaidh taistealaithe fásta i bhfeithiclí cumhacht-tiomáinte ar shuíocháin dírithe chun tosaigh, chun córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX agus córais srianta sábháilteachta linbh i-size a shuiteáil

1. Comhoiriúnacht le córais srianta sábháilteachta linbh

1.1. Áireoidh monaróir na feithicle sa lámhleabhar feithicle comhairle shimplí d'úsáideoir na feithicle maidir le hoiriúnacht gach ionaid suí do phaisinéirí chun córais srianta sábháilteachta linbh a fheistiú. Tabharfar an fhaisnéis sin le picteagraim nó i dteanga náisiúnta na tíre ina dtairgtear an fheithicil lena díol, nó i gceann amháin ar a laghad de theangacha náisiúnta na tíre sin.

Maidir le gach ionad suí do phaisinéirí atá dírithe chun tosaigh, agus maidir le gach suíomh ISOFIX sonraithe, léireoidh monaróir na feithicle an méid seo a leanas:

(a) Má tá an t-ionad suí oiriúnach do shrianta sábháilteachta linbh den chatagóir 'uilíoch' (féach mír 1.2. thíos); agus/nó

(b) Má tá an t-ionad suí oiriúnach do chórais srianta linbh i-size (féach mír 1.4. thíos); agus/nó

(c) Má tá an t-ionad suí oiriúnach do chórais srianta sábháilteachta linbh atá feistithe le ceangaltáin ar teaghrán níos ísle; agus/nó

(d) Má tá an t-ionad suí oiriúnach do chórais srianta linbh seachas na córais a shonraítear thuas (e.g. féach mír 1.3. thíos).

Mura bhfuil ionad suí oiriúnach ach amháin lena úsáid le córais srianta sábháilteachta linbh dírithe chun tosaigh, léireofar é sin freisin sa lámhleabhar feithicle.

De bhreis ar an bhfaisnéis thuas d'úsáideoir na feithicle, cuirfidh monaróirí na feithicle an fhaisnéis ar fáil mar a shainítear i bhFoscríbhinn 3 den iarscríbhinn seo. Mar shampla, is féidir an fhaisnéis sin a áireamh in iarscríbhinní ar leithligh den lámhleabhar feithicle, nó i dtuairiscí teicniúla ar an bhfeithicil nó ar leathanach gréasáin tiomnaithe. Cuirfear an suíomh chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ar fáil sa lámhleabhar feithicle.

1.2. Ciallaíonn córas srianta sábháilteachta linbh den chatagóir uilíoch srian sábháilteachta linbh atá ceadaithe de réir chatagóir 'uilíoch' shraith leasuithe 04 de Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe nó de réir ceann de chatagóirí uilíocha Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (nó leasuithe ina dhiaidh sin). Ní mór do na hionaid suí a léiríonn monaróir na feithicle a bheith oiriúnach do chórais srianta sábháilteachta linbh de chatagóir uilíoch forálacha Aguisín 1 agus Aguisín 5 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.

1.3. Ciallaíonn srian sábháilteachta linbh ISOFIX srian linbh atá ceadaithe de réir Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe, Forlíonadh 5 a ghabhann le sraith leasuithe 03 nó de réir Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (nó leasuithe ina dhiaidh sin). Ní mór do na hionaid suí a léiríonn monaróir na feithicle a bheith oiriúnach do chórais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX na forálacha in Aguisín 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo a chomhlíonadh.

1.4. Ciallaíonn srian sábháilteachta linbh i-Size srian sábháilteachta linbh atá ceadaithe de réir chatagóir i-Size de Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe. Maidir le hionaid suí a léiríonn monaróir na feithicle go bhfuil siad oiriúnach chun córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil, comhlíonfaidh siad forálacha Fhoscríbhinn 2 agus Fhoscríbhinn 5 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo.

Iarscríbhinn 6 - Foscríbhinn 1

Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh de chatagóir 'uilíoch' atá suiteáilte le trealamh criosanna sábhála na feithicle

1. Ginearálta

1.1. Úsáidfear an nós imeachta tástála agus na ceanglais san fhoscríbhinn seo chun oiriúnacht ionad suí chun srianta sábháilteachta linbh den chatagóir 'uilíoch' a shuiteáil a chinneadh.

1.2. Féadfar na tástálacha a dhéanamh san fheithicil nó i gcuid ionadaíoch den fheithicil.

2. Nós imeachta tástála

2.1. Coigeartaigh an suíochán go dtí an suíomh is faide siar agus is ísle atá aige.

2.2. Coigeartaigh uillinn chúl an tsuíocháin de réir shuíomh deartha an mhonaróra. In éagmais aon sonraíocht, ba cheart uillinn 25 chéim ón suíomh ceartingearach, nó ón suíomh seasta is gaire do chúl an tsuíocháin, a úsáid.

2.3. Daingniú na gualainne a shocrú ag an suíomh is ísle.

2.4. Cuir éadach cadáis ar chúl an tsuíocháin agus ar an gcúisín.

2.5. Cuir an daingneán (mar a thuairiscítear i bhFíor 1 den fhoscríbhinn seo) ar shuíochán na feithicle.

2.6. Má tá an t-ionad suí beartaithe chun freastal ar chóras srianta sábháilteachta uilíoch atá dírithe chun tosaigh nó chun cúil, lean ar aghaidh i gcomhréir le míreanna 2.6.1., 2.7., 2.8., 2.9. agus 2.10. thíos. Má tá an t-ionad suí beartaithe chun freastal ar chóras srianta sábháilteachta uilíoch dírithe chun tosaigh amháin, téigh ar aghaidh de réir mhíreanna 2.6.2., 2.7., 2.8., 2.9. agus 2.10. thíos.

2.6.1. Socraigh strapa an chreasa sábhála thart ar an daingneán san áit cheart, a bheag nó a mhór, mar a léirítear i bhFíoracha 2 agus 3, agus ansin laisteáil an búcla.

2.6.2. Socraigh strapa na creasa sábhála thart ar an suíomh ceart timpeall na coda íochtair den daingneán de gha 150 mm mar a léirítear i bhFíor 3, ansin laisteáil an búcla.

2.7. Áirithigh go bhfuil an daingneán suite lena phlána siméadrachta ingearach laistigh de ± 25 mm de phlána siméadrachta ingearach an ionaid suí.

2.8. Áirithigh go mbaintear gach uige. Bain úsáid as fórsa leordhóthanach chun an scaoilteacht a bhaint, ná déan iarracht an uige a theannadh.

2.9. Brúigh siar ar lár thosach an daingneáin srianta sábháilteachta linbh le fórsa 100 N ± 10 N, a chuirtear comhthreomhar leis an dromchla íochtarach, agus bain an fórsa.

2.10. Brúigh síos go hingearach ar lár dhromchla uachtair an daingneáin le fórsa 100 N ± 10 N, agus bain an fórsa.

3. Ceanglais


3.1. Rachaidh bonn an daingneáin i dteagmháil leis na páirteanna tosaigh agus cúil de dhromchla chúisín an tsuíocháin araon. Mura dtarlaíonn teagmháil den sórt sin mar gheall ar bhearna rochtana an chreasa sa daingneán tástála, féadfar an bhearna sin a chumhdach i gcomhréir le dromchla íochtair an daingneáin tástála.

3.2. Ní mór don chuid choime den chrios teagmháil a dhéanamh leis an daingneán ar an dá thaobh ar chúl chonair an chreasa coime (féach Fíor 3). Cumhdóidh uige an chreasa sábhála i gcónaí na pointí BP ar thaobh na láimhe clé agus ar thaobh na láimhe deise den chiumhais chuartha; léirítear suíomh beacht phointe BP ar an gciumhais chuartha go mion W d'Fhíor 1.


3.3. Mura gcomhlíonfar na ceanglais thuas leis na coigeartuithe a shonraítear i míreanna 2.1., 2.2. agus 2.3. thuas, féadfar an suíochán, cúil an tsuíocháin agus daingnithe an chreasa sábhála a choigeartú go suíomh malartach arna ainmniú ag an monaróir le haghaidh gnáthúsáide ina ndéanfar an nós imeachta suiteála thuas arís agus ina bhfíorófar agus ina gcomhlíonfar na ceanglais arís. Áireofar an suíomh malartach sin mar fhaisnéis i dTábla 1 a thugtar in Aguisín 3 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo.

Fíor 1

Sonraíochtaí an daingneáin (gach toise in mm)



Meáchan: 23 kg, dáilte go cothrom




Mionsonra W

Fíor 2

Daingneán a shuiteáil ar shuíochán feithicle


(féach mír 2.6.1.)



Fíor 3

Seiceáil comhoiriúnacht

(féach míreanna 2.6.1. agus 3.2)



Crios coime amháin léirithe

Iarscríbhinn 6 - Foscríbhinn 2

Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh ISOFIX dírithe chun tosaigh agus dírithe chun cúil de chatagóirí uilíocha agus leathuilíocha atá suiteáilte ar ionaid ISOFIX nó i-Size

1. Ginearálta

1.1. Úsáidfear an nós imeachta tástála agus na ceanglais san fhoscríbhinn seo chun oiriúnacht na n-ionad ISOFIX a chinneadh chun córais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX de chatagóirí uilíocha agus leathuilíocha a shuiteáil, chomh maith le hoiriúnacht na n-ionad suí i-Size a chinneadh chun córais srianta sábháilteachta linbh i-Size a shuiteáil.

1.2. Ciallaíonn córas srianta sábháilteachta linbh den chatagóir uilíoch srian sábháilteachta linbh atá ceadaithe don chatagóir 'uilíoch' de Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe, Forlíonadh 5 a ghabhann le sraith leasuithe 03 (nó leasuithe ina dhiaidh sin). Ionaid suí a léiríonn monaróir na feithicle go bhfuil siad oiriúnach chun córais srianta sábháilteachta linbh den chatagóir uilíoch a shuiteáil, comhlíonfaidh siad forálacha Fhoscríbhinn 1 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo.

2. Nós imeachta tástála

Seiceálfar ionaid ISOFIX san fheithicil, arna sainiú ag monaróir na feithicle, chun a áirithiú gur féidir freastal ar an CRF a liostaítear i mír 4. den Fhoscríbhinn seo. I gcás inar thug monaróir na feithicle le fios go bhfreastalóidh an t-ionad/na hionaid ISOFIX ar CRF ar leith, glacfar leis ansin go bhféadfar freastal ar CRFanna níos lú den treoshuíomh céanna.

déanfar seiceáil ar ionaid suí i-Size, arna sainiú ag monaróir na feithicle, chun a áirithiú gur féidir na daingneáin srianta sábháilteachta linbh ISO/R2 agus ISO/F2X araon a chur san áireamh (féach mír 4. den iarscríbhinn seo) lena n-áirítear an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size.

Maidir leis na hionaid ISOFIX agus i-size araon, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

2.1. Agus CRF á sheiceáil, ar shuíochán, bíodh an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size ann nó ná bíodh, féadfar an suíochán sin a choigeartú ar a fhad go dtí an suíomh is faide ar chúl agus sa suíomh is ísle.

2.2. Coigeartaigh uillinn chúl an tsuíocháin de réir shuíomh deartha an mhonaróra agus an ceannbhac sa suíomh is ísle agus is faide ar chúl. In éagmais aon sonraíochta, úsáidfear uillinn chúl an tsuíocháin a chomhfhreagraíonn d'uillinn chabhlach 25° ón gceartingear, nó ón suíomh seasta is gaire do chúl an tsuíocháin.

Agus CRF á sheiceáil, ar shuíochán cúil, bíodh an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size ann nó ná bíodh, féadfar suíochán na feithicle atá suite os comhair an tsuíocháin cúil sin a choigeartú chun tosaigh ar a fhad ach gan dul níos faide ná an suíomh meánach idir a shuíomh is faide ar chúl agus an suíomh is faide chun tosaigh. Féadfar uillinn an taca droime a choigeartú freisin, ach ní féidir é a choigeartú chuig uillinn níos ceartingearaí ná mar a chomhfhreagraíonn d'uillinn chabhlach 15°.

2.3. Cuir éadach cadáis ar chúl an tsuíocháin agus ar an gcúisín.

2.4. Cuir an CRF, leis an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size nó gan í, ar an ionad ISOFIX nó i-Size.

2.5. Brúigh, i dtreo chóras daingnithe ISOFIX, sa lár idir na daingnithe ISOFIX ag a bhfuil fórsa 100 N ± 10 N, a chuirtear i bhfeidhm comhthreomhar leis an dromchla íochtarach, agus bain an fórsa.

2.6. Ceangail an CRF, leis an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size nó gan í, de chóras na ndaingnithe ISOFIX.

2.7. Brúigh síos go hingearach ar lár dhromchla uachtair an daingneáin le fórsa 100 N ± 10 N, agus bain an fórsa.

3. Ceanglais

Níl feidhm ag na dálaí tástála seo a leanas ach amháin maidir leis an CRF/na CRFanna, leis an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size nó gan í, nuair a chuirtear in oiriúint iad don ionad ISOFIX agus/nó i-Size. Ní cheanglaítear go mbeidh an CRF/na CRFanna, leis an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size nó gan í, in ann bogadh isteach san ionad ISOFIX agus/nó i-Size agus amach as faoi na coinníollacha seo.

3.1. Ní mór a bheith in ann freastal ar an CRF/na CRFanna, bíodh an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size ann nó ná bíodh, gan cur isteach ar an taobh istigh den fheithicil. Ní mór uillinn chlaonta 15° ± 10° a bheith ag bun an CRF os cionn an phlána chothrománaigh a théann trí chóras na ndaingnithe ISOFIX. Féadfar ceangaltáin ISOFIX, i gcomhréir le mionsonraí Y i bhFíoracha 1 go 9, a choigeartú ar a bhfad idir -10 mm agus + 70 mm chun an tseiceáil trasnaíochta a éascú. Léirítear sna fíoracha na suíomhanna is faide sínte.

3.2. Leanfaidh an daingniú teaghráin uachtair ISOFIX, más ann di, de bheith inrochtana.

3.3. Mura gcomhlíonfar na ceanglais thuas leis na coigeartuithe a shonraítear i mír 2. thuas, féadfar na suíocháin, cúil na suíochán, na ceannbhaic a choigeartú chuig suíomhanna malartacha arna n-ainmniú ag an monaróir le haghaidh gnáthúsáide agus ina dhiaidh sin athdhéanfar an nós imeachta suiteála thuas agus fíorófar agus comhlíonfar na ceanglais. Tabharfar tuairisc ar na suíomhanna malartacha sin sa lámhleabhar feithicle agus leis an bhfaisnéis bhreise a shonraítear in Aguisín 3 a ghabhann leis an iarscríbhinn seo. Féadfar suíocháin na bpaisinéirí os comhair na n-ionad suí i-Size a dhíláithriú freisin go dtí suíomh atá níos faide chun tosaigh ná an gnáthshuíomh úsáide. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh monaróir na feithicle faisnéis ar fáil sa lámhleabhar feithicle nach n-áiteofar an suíochán paisinéara faoi seach i suíomhanna díláithriúcháin den sórt sin.

3.4. Mura gcomhlíontar na ceanglais thuas nuair a bhí roinnt feisteas inmheánach inbhainte i láthair, féadfar na feistis sin a bhaint agus ansin ní mór ceanglais mhír 3 a fhíorú arís agus a chomhlíonadh. I gcás den sórt sin, áireofar faisnéis chomhfhreagrach i dTábla 1 d'Fhoscríbhinn 3 den iarscríbhinn seo.

4. Daingneáin d'imchlúdach mhéid an chórais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX:

— ISO/F3: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lán-airde, dírithe chun tosaigh

— ISO/F2: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, dírithe chun tosaigh

— ISO/F2X: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, dírithe chun tosaigh

— ISO/R3: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lánmhéide, dírithe chun cúil

— ISO/R2: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, méid laghdaithe, dírithe chun cúil

— ISO/R2X: Córas srianta sábháilteachta linbh do lapadán, méid laghdaithe, dírithe chun cúil

— ISO/R1: Córas srianta sábháilteachta linbh do naíonáin, dírithe chun cúil

— ISO/L1: Córas srianta sábháilteachta linbh sa suíomh cliathánach ar chlé, (cliabhán iompair)

— ISO/L2: Córas srianta sábháilteachta linbh sa suíomh cliathánach ar dheis (cliabhán iompair)

Tógfar na daingneáin thuas le mais idir 10 agus/nó 13 kg ± 1 kg agus beidh marthanacht agus righneas oiriúnach iontu chun na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh, de réir an tábla thíos:


CRF	Mais (kg)	Lamháltas (kg)
R1 [a]	10	± 1
R2 / R2X [a]	10	± 1
R3	13	± 1
L1 / L2	13	± 1
F2 / F2X [a]	13	± 1
F3	13	± 1

[a] Bonnmhais ISOFIX curtha san áireamh.

4.1. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lán-airde, dírithe chun tosaigh

Fíor 1

Toisí imchlúdaigh ISO/F3 do chóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lán-airde, dírithe chun tosaigh (airde 720 mm) AICME MÉIDE ISOFIX A



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun tosaigh agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca a bheith ag gobadh amach


3 Ní bhaineann le hábhar

4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

4.2. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, dírithe chun tosaigh

Fíor 2

Toisí imchlúdaigh ISO/F2 do chóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, dírithe chun tosaigh (airde 650 mm) - AICME MÉIDE ISOFIX B



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun tosaigh agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca a bheith ag gobadh amach.

3 Ní bhaineann le hábhar


4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

5 Pointe ceangail don strapa teaghráin uachtair

4.3. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, le cruth taca droma den dara leagan, dírithe chun tosaigh

Fíor 3

Toisí imchlúdaigh ISO/F2X do chóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, airde laghdaithe, le cruth dromchla taca droma den dara leagan, dírithe chun tosaigh (airde 650 mm) - AICME MÉIDE ISOFIX B1



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun tosaigh agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca a bheith ag gobadh amach


3 Ní bhaineann le hábhar

4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

4.4. Imchlúdach an chórais srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lánmhéide, dírithe chun cúil

Fíor 4

Toisí imchlúdaigh ISO/R3 do chóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, lánmhéide, dírithe chun cúil - AICME MÉIDE ISOFIX C



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun cúil agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca a bheith ag gobadh amach


3 Is é an t-imchlúdach dírithe chun tosaigh i bhFíor 2 a shocraíonn an teorainn chun cúil (ar dheis san Fhíor)

4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

4.5. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, méid laghdaithe, dírithe chun cúil

Fíor 5

Toisí imchlúdaigh ISO/R2 do chóras srianta sábháilteachta linbh do lapadán, méid laghdaithe, dírithe chun cúil AICME MÉIDE ISOFIX D



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun cúil agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca, nó do rud comhchosúil, de chóras srianta sábháilteachta linbh d'fheithicil shonrach a bheith ag gobadh amach.


3 Is é an t-imchlúdach dírithe chun tosaigh i bhFíor 2 a shocraíonn an teorainn chun cúil (ar dheis san Fhíor)

4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

4.6. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh do naíonáin, dírithe chun cúil

Fíor 6

Toisí imchlúdaigh ISO/R1 do chóras srianta sábháilteachta linbh ar mhéid naíonáin, dírithe chun cúil
AICME MÉIDE ISOFIX E



Gach toise in mm

Eochair:

1 Teorainneacha sa treo chun cúil agus sa treo aníos

2 Léiríonn an líne bhriste an limistéar ina gceadaítear do chos taca a bheith ag gobadh amach


3 Is é an t-imchlúdach dírithe chun tosaigh i bhFíor 2 a shocraíonn an teorainn chun cúil (ar dheis san Fhíor)

4 Tugtar tuilleadh sonraíochtaí maidir le limistéar an nascóra i Rialachán Uimh. 44 ó na Náisiúin Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe

4.7. Imchlúdach an chórais srianta sábháilteachta linbh do pháistí óga, dírithe chun cúil

Fíor 7

Toisí imchlúdaigh ISO/R2X atá ag córas srianta sábháilteachta linbh, de mhéid laghdaithe agus dírithe chun cúil, do lapadán, agus atá modhnaithe chun comhoiriúnacht níos fearr le taobh istigh na feithicle a bhaint amach



Gach toise in mm

Eochair

1 Teorainneacha sa treo ar chúl agus sa treo aníos

2 Léiríonn na línte briste an limistéar ina gceadaítear do ghaireas frithrothlaithe, nó do ghaireas comhchosúil (e.g. barra frith-aisphreabtha), a bheith ag gobadh amach

3 Is é an t-imchlúdach dírithe chun tosaigh i bhFíor 2 a shocraíonn an teorainn chun cúil (ar dheis san Fhíor)


4 Le haghaidh sonraíochtaí breise maidir le limistéar an nascóra, féach Rialachán Uimh. 44 de chuid na Náisiún Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 de chuid na Náisiún Aontaithe

4.8. Imchlúdach na gcóras srianta sábháilteachta linbh atá dírithe go cliathánach

Fíor 8

Toisí imchlúdaigh do chóras srianta sábháilteachta linbh sa suíomh atá dírithe go cliathánach - ISO/L1 - nó go siméadrach ar an taobh eile - ISO/L2 (an Fhíor léirithe)

Tabhair faoi deara: Tá toisí imchlúdaigh an chórais srianta sábháilteachta linbh do naíonáin atá dírithe go cliathánach ar chlé (ISO/L1) siméadrach le toisí ISO/L2 i ndáil lena phlána fadaimseartha idirmheánach.



Gach toise in mm

Eochair

1 Teorainneacha sa treo ar chúl agus sa treo aníos


2 Léiríonn na línte briste an limistéar ina gceadaítear do ghaireas frithrothlaithe, nó do ghaireas comhchosúil (e.g. barra frith-aisphreabtha), a bheith ag gobadh amach

3 Le haghaidh sonraíochtaí breise maidir le limistéar an nascóra, féach Rialachán Uimh. 44 de chuid na Náisiún Aontaithe/Rialachán Uimh. 129 de chuid na Náisiún Aontaithe

4.9. Cos taca i-Size

Fíor 9

Taobh-amharc den toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size chun comhoiriúnacht na n-ionad suí i-Size le cosa taca na gcóras srianta sábháilteachta linbh i-Size a mheas



Gach toise in mm

Eochair:


1. Daingneán Srianta Sábháilteachta Linbh
2. Barra daingnithe ísle ISOFIX
3. Plána arna fhoirmiú ag dromchla íochtarach an daingneáin srianta sábháilteachta linbh nuair a shuiteáiltear é san ionad suí ainmnithe
4. Plána a théann tríd an mbarra daingnithe íochtaraigh agus a threoshuitear go hingearach le fadphlána meánach an daingneáin srianta sábháilteachta linbh agus go hingearach leis an bplána a fhoirmítear le dromchla íochtarach an daingneáin srianta sábháilteachta linbh nuair a shuiteáiltear é san ionad suí ainmnithe
5. An toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size lena léirítear na teorainneacha geoiméadracha do chos taca chórais srianta sábháilteachta linbh ISOFIX i-Size
6. Urlár na feithicle

Tabhair faoi deara: Níl an líníocht de réir scála.

4.10. an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size

Fíor 10

Amharc 3T den toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size chun comhoiriúnacht na n-ionad suí i-Size le cosa taca na gcóras srianta sábháilteachta linbh i-Size a mheas



Gach toise in mm

Eochair:

1. Daingneán Srianta Sábháilteachta Linbh
2. Barra daingnithe ísle ISOFIX
3. Fadphlána meánach an daingneáin srianta sábháilteachta linbh
4. an toirt a mheastar is gá i gcomhair shuiteáil na coise taca i-Size

Tabhair faoi deara: Níl an líníocht de réir scála.

Iarscríbhinn 6 – Foscríbhinn 3

Sampla d'fhaisnéis mhionsonraithe e.g. le haghaidh monaróirí córas srianta sábháilteachta linbh

Tábla 1

Faisnéis Theicniúil a bhaineann go sonrach le Monaróirí Córais Srianta Sábháilteachta Linbh mar shampla

(agus dá réir sin, ní gá aistriúchán a dhéanamh go teangacha náisiúnta)

	Ionad suí								
Uimhir an Ionaid Suí	1	2	3	4	5	6	7	8	9
Ionad suí oiriúnach do chóras uilíoch le crios (tá/níl)									
ionad suí i-Size (tá/níl)									
Ionad suí atá oiriúnach do dhaingneán cliathánach (L1/L2)									
An daingneán oiriúnach dírithe chun cúil is mó (R1/R2X/R2/R3)									
An daingneán oiriúnach chun tosaigh is mó (F2X/F2/F3)									
An daingneán oiriúnach ardaithe is mó (B2/B3)									

1. Cuir faisnéis le haghaidh gach ionad suí nach i-Size é agus atá comhoiriúnach le cos taca, mar a thuairiscítear sa Rialachán seo.
2. Cuir isteach faisnéis maidir le gach ionad suí atá feistithe le daingnithe ISOFIX níos ísle ach gan teaghrán uachtair, de réir an rialacháin seo.
3. Cuir faisnéis leis má tá búclaí crios sábhála an duine fhásta suite go cliathánach idir an dá dhaingniú íochtair ISOFIX.
4. Cuir faisnéis leis i gcás ina bhfuil an t-ionad suí feistithe le daingnithe teaghráin íochtair agus/nó lúibíní teaghráin íochtair agus/nó i gcás ina bhféadfar an daingniú teaghráin uachtair den suíochán tosaigh (más ann di) a úsáid mar dhaingniú teaghráin íochtair.

Tabhair faoi deara:

1. Is é is treoshuíomh ann gnáth-threo tiomána; is féidir colúin le haghaidh ionaid suí nach bhfuil ar fáil i bhfeithicil a scriosadh.
2. Déanfar uimhriú na n-ionad suí ar bhonn an tsainmhínithe seo a leanas:

Uimhir an tSuíocháin	Suíomh san fheithicil
1	Chun tosaigh ar chlé
2	Lár tosaigh
3	Chun tosaigh ar dheis
4	An dara sraith ar chlé
5	An dara sraith sa lár
6	An dara sraith ar dheis
7	An dara sraith ar dheis
8	An tríú sraith ar chlé
9	An tríú sraith sa lár

Is féidir an fhaisnéis maidir le huimhir an ionaid suí a thabhairt trí thábla nó trí sceitsí nó picteagraim.

Iarscríbhinn 6 – Foscríbhinn 4

Suiteáil riochtáin 10 mbliana

(a) Coigeartaigh an suíochán go dtí suíomh ina bhfuil sé go hiomlán dírithe chun cúil.

(b) Airde an tsuíocháin a choigeartú i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra. In éagmais aon sonraíocht, coigeartaigh an suíochán go dtí an suíomh is ísle.

(c) Coigeartaigh uillinn chúl an tsuíocháin de réir shuíomh deartha an mhonaróra. In éagmais aon sonraíocht, ba cheart uillinn 25 chéim ón suíomh ceartingearach, nó ón suíomh seasta is gaire do chúl an tsuíocháin, a úsáid.

(d) Daingniú na gualainne a shocrú ag an suíomh is ísle.

(e) Cuir an riochtán ar an suíochán agus cinntigh go bhfuil an peilbheas i dteagmháil le cúl an tsuíocháin.

(f) Beidh an fadphlean a théann trí lárlíne an riochtáin ar lárlíne dhealraitheach an ionaid suí.

Iarscríbhinn 6 – Foscríbhinn 5

Forálacha maidir le suiteáil córas srianta sábháilteachta linbh do shuíocháin ardaithe linbh dírithe chun tosaigh i-Size agus catagóirí sonracha atá suiteáilte ar ionaid suí feithicle nó ar ionaid suí i-Size

1. Ginearálta

1.1. Úsáidfear an nós imeachta tástála agus na ceanglais san fhoscríbhinn seo chun oiriúnacht ionad suí a chinneadh chun daingneáin suíocháin ardaithe linbh ISO/B2 nó ISO/B3 a shuiteáil, gan ceangaltáin ISOFIX. I gcás ina bhfuil sé léirithe ag monaróir na feithicle go bhfreastalóidh an t-ionad nó na hionaid feithicle ar CRF áirithe, glacfar leis go bhfreastalófar freisin ar CRFanna níos lú den treoshuíomh céanna.

1.2. Féadfar na tástálacha a dhéanamh san fheithicil nó i gcuid ionadaíoch den fheithicil. Is féidir comhlíonadh an cheanglais sin a chruthú trí thástáil fhisiceach nó ionsamhlú ar ríomhaire nó trí líníochtaí ionadaíocha.

2. Nós imeachta tástála

Ní mór na hionaid i-Size san fheithicil, arna sainiú ag monaróir na feithicle, a sheiceáil lena chinntiú gur féidir freastal ar an daingneán ISO/B2 atá liostaithe i mír 4 den Aguisín seo, ar a laghad gan naisc ISOFIX.

2.1. Coigeartaigh an suíochán go dtí an suíomh is faide dírithe chun cúil agus is ísle atá aige.

2.2. Coigeartaigh uillinn chúl an tsuíocháin de réir shuíomh deartha an mhonaróra. In éagmais aon sonraíocht, ba cheart uillinn cabhlach 25 chéim ón suíomh ceartingearach, nó ón suíomh seasta is gaire do chúl an tsuíocháin, a úsáid.

2.3. Agus CRF á sheiceáil, ar shuíochán cúil, féadfar suíochán na feithicle atá suite os comhair an tsuíocháin cúil sin a choigeartú chun tosaigh ar a fhad ach gan dul níos faide ná an suíomh meánach idir a shuíomh is faide ar chúl agus an suíomh is faide chun tosaigh. Féadfar uillinn an taca droma a choigeartú freisin, ach ní go huillinn níos ceartingearaí ná an uillinn a chomhfhreagraíonn d'uillinn chabhlach 15°. Más féidir airde an tsuíocháin tosaigh a choigeartú, coigeartaigh de réir shonraíocht an mhonaróra. In éagmais aon sonraíocht, coigeartaigh an suíochán tosaigh go dtí an suíomh meánairde, nó an suíomh is gaire go dtí an meánairde.

2.4. Más gá, féadfar na tacaí cinn a choigeartú nó a bhaint, más féidir.

2.5. Socraigh daingniú na gualainne go dtí an suíomh arna shainiú ag monaróir na feithicle.

2.6. Cuir éadaí cadáis ar an taca droma agus ar an gcúisín, más gá.

2.7. Bain na ceangaltáin ISOFIX den CRF, nó iad a tharraingt siar iad go dtí suíomh atá go hiomlán taobh istigh de líne an tsuíocháin ar chúl (líne thagartha E, Fíor 2 nó 3).

2.8. Cuir an daingneán (mar a thuairiscítear i bhFíor 2 nó i bhFíor 3 den fhoscríbhinn seo) ar shuíochán na feithicle. Féadfaidh barr an daingneáin teagmháil a dhéanamh le díon na feithicle. Ceadaítear comhbhrú chúisín an tsuíocháin chun an daingneán a chur ina shuíomh.

2.9. Socraigh an crios sábhála tríd an CRF sa suíomh ceart, a bheag nó a mhór, agus ansin ceangail an búcla. Áirithigh go mbaintear gach uige. Cuirfear srian ar an daingneán le crios sábhála na feithicle.

2.10. Áirithigh go bhfuil an daingneán suite lena lárlíne ar lárlíne dhealraitheach an ionaid suí ± 25 mm agus a lárlíne comhthreomhar le lárlíne shuíochán na feithicle. Beidh an uillinn rollta α (féach Fíor 1) laistigh de 0^{o} ± 5^{o}

2.11. Brúigh siar ar lár thosach an daingneáin le fórsa 100 N ± 10 N, a chuirtear comhthreomhar leis an dromchla íochtarach, agus bain an fórsa.

2.12. Nuair is féidir, brúigh síos go hingearach ar lár dhromchla uachtair an daingneáin le fórsa 100 N ± 10 N, agus bain an fórsa.

3. Ceanglais

3.1. Ní mór go mbeifear in ann an daingneán a dhaingniú san ionad suí ag baint úsáid as an gcrios sábhála trí phointe agus an crios sábhála a dhúnadh.

3.2. Beidh an uillinn rollta α mar a léirítear i bhFíor 1 cothrom le 5° nó níos lú ná sin.

3.3. Ní mór go mbeadh bun an daingneáin i dteagmháil le cúisín an tsuíocháin, agus ní mór go mbeadh aghaidh chúil an daingneáin i dteagmháil leis an taca droma nó leis an taca cinn. Ní gá teagmháil iomlán a dhéanamh leis an suíochán, ceadaítear 'bearnaí' mar gheall ar chomhrianta shuíocháin na feithicle mar a léirítear leis na saigheada i bhFíor 1. Tá taca droma inchoigeartaithe feistithe ar imchlúdach an tsuíocháin ardaithe linbh. Ní mór comhoiriúnacht le hionad suí na feithicle a bhaint amach i suíomh amháin ar a laghad de raon an taca droma a léirítear i bhFíor 2 nó i bhFíor 3.

3.4. Mura gcomhlíonfar na ceanglais thuas leis na coigeartuithe a shonraítear i míreanna 2.1. go 2.12. thuas, féadfar an suíochán, cúil an tsuíocháin agus daingnithe an chreasa sábhála a choigeartú go suíomh malartach arna ainmniú ag an monaróir le haghaidh gnáthúsáide ina ndéanfar an nós imeachta suiteála thuas arís agus ina bhfíorófar agus ina gcomhlíonfar na ceanglais arís. Tabharfar tuairisc ar an suíomh malartach sin de réir mhír 1.1. d'Iarscríbhinn 6 agus i bhfaisnéis theicniúil mhionsonraithe a shonraítear i bhFoscríbhinn 3.

4. Daingneáin do chóras srianta sábháilteachta linbh shuíochán an tsuíocháin treisithe:


(a) ISO/B2: Suíochán ardaithe linbh, leithead laghdaithe 440 mm (Fíor 2)

(b) ISO/B3: suíochán ardaithe linbh, ar leithead iomlán 520 mm (Fíor 3)

Tógfar na daingneáin thuas le mais 7 kg ± 1 kg agus beidh marthanacht agus righneas oiriúnach iontu chun na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh.


Fíor 1

Suíomh san Ionad Suí



Fíor 2

ISO/B2: Toisí imchlúdaigh do shuíochán ardaithe linbh, leithead laghdaithe 440 mm - gan ISOFIX, nó leis na cónascairí bainte nó stóráilte laistigh de chorp an daingneáin (taobh thiar de líne E, mar a shainítear le mionsonra B)



Gach toise in mm


Eochair

1 . Is é E acastóir tagartha rothlaithe an taca droma (90° go 110°) agus líne thagartha chun ISOFIX a tharraingt siar/a stóráil

2. Léiríonn na línte briste an limistéar ina gceadaítear do ghaireas frithrothlaithe, nó do ghaireas comhchosúil, a bheith ag gobadh amach

Fíor 3

ISO/B3 - Toisí imchlúdaigh do shuíochán ardaithe linbh, leithead iomlán 520 mm - gan ISOFIX, nó leis na cónascairí bainte nó stóráilte laistigh de chorp an daingneáin (taobh thiar de líne E, mar a shainítear le mionsonra B)



Gach toise in mm

Eochair

1. Is é E acastóir tagartha rothlaithe an taca droma (90° go 110°) agus líne thagartha chun ISOFIX a tharraingt siar/a stóráil
2. Léiríonn na línte briste an limistéar ina gceadaítear do ghléas frithrothlaithe, nó gléas comhchosúil, a bheith ag gobadh amach

IARSCRÍBHINN 7

Modh tástála teanntachta chóimeáil strapa an bhúcla

1. Ginearálta

1.1. Úsáidfear an nós imeachta tástála san Iarscríbhinn seo don tástáil teanntachta ar chóimeáil strapa an bhúcla a thuairiscítear i mír 5.2.3.2. den Rialachán seo.

2. Nós imeachta tástála

2.1. Deisigh lúibín chóimeáil strapa an bhúcla a bhí ceangailte de dhaingniú na feithicle den chuid íochtarach den mheaisín tástála teanntachta.

2.2. Deisigh an búcla ag suíomh ar líne luchtaithe an mheaisín tástála teanntachta, sa chaoi go mbeidh an fad idir pointe an bhúcla agus pointe EA cothrom leis an bhfad i líne dhíreach idir EA agus pointe Bd a thuairiscítear i mír 5.2.3.1. den Rialachán seo.

2.3. Ceangail an teanga leis an mbúcláil agus socraigh crios na teanga leis an gcuid uachtarach den mheaisín tástála teanntachta. Is é 4 ± 3 N an teannas ar chrios na teanga. Ina dhiaidh sin, scaoiltear an búcla.

2.4. Déan tástáil teanntachta agus tomhais ualach agus gluaiseacht an bhúcla.